



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and
Training Board*

dmh associates



Seirbhísí Tacaíochta
d'Fhoghlaimoirí laistigh de
sheirbhís FET ETB Dhún na nGall

MEITHEAMH 2020

Seirbhísí Tacaíochta d’Fhoghlaimoirí laistigh de sheirbhís FET ETB Dhún na nGall

Tuarascáil Dheiridh

Deirdre Hughes, Karen Adriaanse & Aisling Murray-Fleming

Meitheamh 2020

Buíochas

Táimid an-bhuíoch de Cróna Gallagher, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna i mBord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB) as an obair seo a choimisiúnú. Léirigh sí ceannaireacht agus díograis maidir le ligean d'athbhreithneoirí neamhspleácha iniúchadh a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtais tacaíochta d'fhoghlaimeoirí FET de chuid ETB Dhún na nGall. Tá muid faoi chomaoín fosta ag Deirdre Mc Colgan, Comhordaitheoir (A) & Comhairleoir Treorach, Seirbhís Treorach agus Eolais d'Aosaigh Dhún na nGall a rinne na socruithe cuí do sheisiúin ghrúpa agus agallaimh leis an fhoireann. Bhí Joe Whitelock, Comhordaitheoir Dearbhaithe Cáilíochta FET fial ag tabhairt cuireadh don fhoireann taighde freastal ar ócáid chomhairliúcháin d'fhoghlaimeoirí a tionóladh i Leitir Ceanainn inar gabhadh guthanna/tuairimí na mac léinn. Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas foirmiúil a ghabháil leis an fhoireann agus na páirtithe leasmhara seachtracha go léir a roinn a dtuairimí agus a dtaithí ar bheartais agus ar chleachtais mhaithe/spéisiúla, a d'aithin bearnaí/easnaimh agus a mhol réimsí inar féidir feabhas leanúnach a dhéanamh.

In 2008, bhunaigh an Dr Deirdre Hughes OBE *dmh associates* chun comhoibriú agus smaointeoireacht úr a spreagadh sna réimsí seo a leanas: gairmeacha, beartas oideachais agus oiliúna, taighde agus cleachtas. Tá na torthaí ó obair na heagraíochta deartha chun bonn eolais a chur faoi bheartais, taighde agus cleachtas sa RA, san Eoraip agus go hidirnáisiúnta agus tionchar a imirt orthu.

Cuimsíonn ár saineolas: sainchomhairleoireacht, meastóireacht, fianaise agus measúnú iarmharta, léirbhreithnithe ar an litríocht, taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil, faisnéis/eolas digiteach agus faoin mhargadh saothair (LMI). Soláthraíonn muid réimse iomlán gníomhaíochtaí, gach ceann acu curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais shonracha eagrúcháin nó aonair.

© dmh Associates 2020

Teagmhálaí: An Dr Deirdre Hughes OBE

8 Rose Duryard, Lower Argyll Road, Exeter, Sasana, EX4 4PB

Teileafón -0044 (0) 7533 545057

Ríomhphost: deirdre.hughes3@btinternet.com

Tabhair cuairt ar: <http://deirdrehughes.org/>

Lean ar twitter: [@deirdretalks](https://twitter.com/deirdretalks)

Clár na nÁbhar

Buíochas	1
Achoimre Feidhmiúcháin	3
Comhthéacs	3
Guthanna/Tuairimí foghlaimeoirí agus foirne a ghabháil	4
Cláir FET ETB Dhún na nGall	5
Samplaí de dhea-chleachtais agus/nó spéisiúla laistigh de Sheirbhísí Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí FET arna gcur ar fáil ag ETB Dhún na nGall	5
Bearnaí/easnamh sna Seirbhísí Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí	8
Léirbhreithniú ar an litríocht	11
Smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí	11
Tuarascáil Theicniúil	13
1. Réamhrá	13
2. Modheolaíocht	13
3. Comhthéacs Náisiúnta	14
4. Seirbhís FET ETB Dhún na nGall	16
5. Seirbhísí Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí FET ETB Dhún na nGall	19
Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL)	34
Dearbhú Cáilíochta	35
Bainistíocht Sonraí	36
Cumarsáid, Margaíocht agus Earcaíocht	36
Ionaid FET	36
6. Léirbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta: príomhthéamaí a bhaineann leis an taighde	37
7. Smaointe le haghaidh gníomhaíochta	40
Tagairtí	43

Achoimre Feidhmiúcháin

Comhthéacs

Tá an struchtúr náisiúnta tacaíochta d'fhoghlaimeoirí atá ann faoi láthair casta agus deacair d'fhoghlaimeoirí, do bhaill foirne agus do sholáthraithe a mbealach a dhéanamh fríd .i. oibríonn scata gníomhaireachtaí go náisiúnta agus go háitiúil le sainchúraimí gaolmhara. Ó thaobh tacaíochta agus treorach d'fhoghlaimeoirí de, tá na príomh-mholtaí ar ghlac an Rialtas leo in *'Athbhreithniú ar Uirlisí agus Faisnéis Treorach Gairme' (Indecon 2019)* fós á n-athbhreithniú. Tá seirbhís tacaíochta d'fhoghlaimeoirí FET ETB Dhún na nGall tar éis cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun a phlean feabhsúcháin cáilíochta leanúnaí a threorú agus tacú leis, mar fhreagairt ar riachtanais QQI.

I mí na Nollag 2019, choimisiúnaigh ETB Dhún na nGall *dmh associates* chun tabhairt faoi thaighde deisce, agallaimh a dhéanamh le baill foirne agus gníomhaireachtaí seachtracha mar ullmhúchán d'athbhreithniú cáilíochta agus chun eolas a dhéanamh dá sheirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí FET agus iad a threorú amach anseo. Rinneadh an taighde idir 18^ú Nollaig 2019 - 30^ú Aibreán 2020. Ón tús, sainithníodh príomh-shainmhínte maidir le comhsheasmhacht sa teanga a úsáidtear agus chun críocha cruinnis (féach Aguisín 1 sa Tuarascáil Theicniúil). Tá na torthaí deartha chun cur le pleananna feabhsúcháin cáilíochta ETB Dhún na nGall chun seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú. Cuirfidh siad seo fosta leis an fhéinmheastóireacht chuimsitheach ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtacht nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta na seirbhíse FET atá á ndéanamh mar chuid den athbhreithniú reachtúil faoi stiúir QQI ar chórais Dearbhaithe Cáilíochta ETB FET go náisiúnta.

Ar fud na hÉireann ag leibhéal beartais náisiúnta, is príomhthosaíochtaí iad na buntáistí intreacha agus eistreacha a bhaineann le hoideachas agus oiliúint i ndáil le rannpháirtíocht, tinreamh agus gnóthachtáil daoine aonair, go háirithe dóibh siúd atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste sóisialta. Tá Comhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta (SPAnna) idir SOLAS agus na ETBanna i bhfeidhm. Agus a ról á chomhlíonadh acu i dtacú leis an earnáil FET ar fud na hÉireann, táthar ag súil go n-oibreoidh ETBanna go náisiúnta i dtreo samhail atá níos dírithe ar chórais, ar phróisis agus ar ghnó (ETBI).

Is é Dún na nGall an ceathrú contae is mó in Éirinn ar fad agus is é an contae is mó i gCúige Uladh é. Tá an dara cóimheas spleáchais is airde in Éirinn ag an Chontae .i. 56.9% i gcomparáid le 49.3%. Forbraíodh Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall (*Lean ar Aghaidh, 2017-2021*) i gcomhairle le réimse leathan príomhpháirtithe leasmhara. Rinne beartais mholta DES agus SOLAS (*An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna*) eolas don ábhar fosta. Is iad na príomhthéamaí le cur san áireamh in FET: - tacaíocht chomhsheasmhach d'fhoghlaimeoirí; FET a leabú sa phobal; díriú ar chohóirt tosaíochta; agus tacaíocht litearthachta agus uimhearthachta. Maidir le conairí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, táthar ag súil le cineálacha cur chuige níos modúla, níos solúbtha agus níos cumasaithe le teicneolaíocht, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar roghanna mar: micrea-chreidiúnú; aitheantas príomhshrutha ar réamhfhoghlaim (RPL) mar phróiseas chun scileanna, eolas agus inniúlachtaí a bhailíochtú, beag beann ar an timpeallacht foghlama inar gnóthaíodh iad; cuir chuige chomhtháite maidir le bealaí gairme laistigh de FET; agus tairseach láraithe TF.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i leith oideachas iar-bhunscoile agus oideachas gaolmhar agus ag SOLAS i leith FET. Tá go leor de na cláir FET cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann mar chuid de chlár Infhostaitheachta, Cuimsithe agus Foghlama (PEIL) 2014-2020 Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE). Tá SOLAS ag tiomáint infheistíochta i bhforbairt na mball foirne

FET in ETBanna trína *Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil* a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag creat 'Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim' (UDL) atá le teacht an timpeallacht foghlama a dhéanamh inrochtana don 'chuid is mó' den phobal foghlaimoírí. Mar shampla:

"Trí UDL a chur i bhfeidhm sa phríomhshruth, laghdaíonn sé an gá le tacaíocht bhreise, ach ní dhéanann sé dearmad riamh ar an ghá atá le hoiriúnú nó le tacaíocht aonair." (SOLAS, 2020)

Tá seirbhís FET de chuid ETB Dhún na nGall ag obair chun timpeallachtaí foghlama níos cuimsithí, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chruthú. Tá timpeall 271 ball foirne fostaithe ina soláthar FET, lena n-áirítear 186 oide/múinteoir/teagascóir agus 36 ball foirne cláir. I measc roinnt samplaí de théamaí beartais, atá dúshlánach a chur i bhfeidhm, tá, mar shampla, beartais maidir le SEND/Míchumas; beartais maidir le Taistealaithe agus na Romaigh. I nDún na nGall, áirítear orthu siúd agus cohóirt tosaíochta spriocdhírthe eile: imircigh/dídeanaithe; daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach; daoine dífhostaithe óga (NEETanna); daoine nach bhfuil mórán cáilíochtaí acu; mná atá ag filleadh ar an fhórsa saothair; tuismitheoirí aonair; daoine scothaosta; iad siúd ó theaghlaigh gan obair; agus oibrithe leochaileacha atá 'i mbaol' iomarcaíochta. Is dócha go mbeidh tionchar breise ag tionchair shóisialta agus eacnamaíochta Covid-2019 le déanaí ar ghrúpaí tosaíochta sa todhchaí.

Guthanna/Tuairimí foghlaimoírí agus foirne a ghabháil

I mí Feabhra 2020, reáchtáil seirbhís FET Dhún na nGall fóram dar teideal 'Guth na Mac Léinn' a thóg ar fhóirne roimhe sin a eagraíodh i gcomhar le AONTAS agus NALA; bhí mic léinn páirteach ann ó gach réimse dá sholáthar oideachais agus oiliúna. Dearadh na gníomhaíochtaí ar an lá go sonrach chun fianaise a sholáthar le haghaidh féinmheastóireachta. Bhí freagairt na mac léinn go hiontach mar d'fhreastail díreach os cionn 80% (105) den 130 mac léinn ar tugadh cuireadh dóibh chuig an ócáid, ag déanamh ionadaíochta don réimse iomlán soláthair. Bhí foireann an chlár páirteach sa phlé a stiúradh ag deich dtábla de ghrúpaí foghlaimoírí ó gach clár éagsúil.

Tugadh cuireadh do mhic léinn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a dhearadh chun a dtuairimí a ghabháil agus ghlac siad páirt fuinniúil sna gníomhaíochtaí dea-dheartha a bhailigh a dtuairimí ar: teagasc agus foghlaim; acmhainní agus timpeallacht foghlama (lena n-áirítear smaointe maidir le mol ar líne ETB Dhún na nGall); cúram trádach; tacaíocht do mhic léinn; beartas maidir le guth/tuairimí na mac léinn; cairt na mac léinn; taithí oibre; dúshlán agus deiseanna. Chuir gach grúpa béim ar ghnéithe dearfacha de na seirbhísí tacaíochta foghlama, lena n-áirítear ranganna beaga, piarthacaíocht, comhairleoireacht agus an tacaíocht a fuair siad óna gcuid teagascóirí.

Bhí na tuairimí nach raibh chomh dearfach sin ag tagairt don easpa measúnuithe tosaigh agus don easpa tacaíochta do dhaoine a bhfuil disléicse orthu. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh na láidreachtaí agus na gnéithe nach raibh chomh dearfach sin ag teach salach ar a chéile go minic, bunaithe ar eispéiris na mac léinn aonair. Tugadh faoi deara go bhfuil eiseamláir de chomhairle mac léinn ag *Cumasóige* a bhfuil glacadh maith léi agus a bhaineann leis an chlár sin amháin. Bhí áthas ar roinnt mac léinn gur tairgeadh 300 uair an chloig de thaithí oibre dóibh, ach ní raibh sé sin indéanta do roinnt mac léinn eile mar gheall ar an áit a bhfuil siad lonnaithe agus/nó d'fhéadfadh go mbeadh níos lú uaireanta an chloig i gceist leis an chlár staidéir. Bhí difear le fáil sa rochtain a bhí ag mic léinn ar threoir fosta ag brath ar an mhaoiniú a fuair cúrsaí áirithe.

Cláir FET ETB Dhún na nGall

Tá achoimre ghairid ar sheachadadh chláir reatha FET ETB Dhún na nGall (2018-2019) sa Tábla thíos. Laistigh de Thuarascáil Theicniúil ar leith, tugtar cur síos gairid ar ábhar agus ar sholáthar tacaíochta d'fhoghlaimeoirí, ar a n-oibríonn go maith agus ar bhearnaí/easnamh bunaithe ar fhianaise a thug baill foirne agus bainisteoirí le linn seisiúin ghrúpa, glaonna leantacha agus/nó ríomhphoist, chomh maith le torthaí ábhartha bunaithe ar léirbhreithnithe ar an litríocht.

An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) (597 tairbhí)	Cumasóige (160 tairbhí)
Oideachas Bunata ar a dtugtar <i>Ag Foghlaim don Saol</i> fosta (2,886 tairbhí)	Oideachas Pobail (4,197 tairbhí)
Seirbhísí Oiliúna .i. printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, oiliúint i saincileanna & soláthraithe sainoiliúna (933 tairbhí)	Cláir san Ionad Oibre/Oíche (218 tairbhí)
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme (SDOG) (180 tairbhí)	Clár Iar-Ardteistiméireachta (PLC) (185 tairbhí)

Cuirtear roinnt samplaí de chláir Soláthraithe Oiliúna Tacaithe (STP) TACA agus an Líonra Náisiúnta Foghlama arna maoiniú ag ETB i láthair sa Thuarascáil Theicniúil Iomlán mar shamplaí léiritheacha de chláir do dhaoine aonair i nDún na nGall a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus/nó míchumais acu (SEND).

Ag tarraingt ar agallaimh le páirtithe leasmhara seachtracha, fuair muid amach go bhfuil meas mór ar sholáthar FET ETB Dhún na nGall agus ar an dóigh a dtugtar tacaíocht d'fhoghlaimeoirí. Léiríonn an tseirbhís tiomantas do ghuthanna/thuairimí foghlaimeoirí a ghabháil agus spreagtar baill foirne chun léirmheastóireacht chuiditheach a thabhairt. Tá fócas géar léasair ag an tSeirbhís FET ar fhoghlaimeoirí - caithfidh 'promhadh leas na tuaithe' a bheith déanta ar gach socrú dearaidh agus seachadta

Samplaí de dhea-chleachtais agus/nó speisiúla laistigh de Sheirbhísí Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí FET arna gcur ar fáil ag ETB Dhún na nGall

- Ar fud seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí FET ETB Dhún na nGall tá díograis mhór ag an fhoireann agus tá siad oscailte le haghaidh athruithe. Bhí sé sin breá soiléir ag an Fhóram *Guth an Fhoghlaimora*, fóram a bhí an-rathúil (Feabhra 2020). Bhí freagairtí na mac léinn go hiontach, mar a pléadh níos luaithe.
- Tá meicníochtaí atreoraithe agus tacaíochta dea-fhorbartha ag an tseirbhís Treoirchomhairleoireachta le páirtithe leasmhara oideachais, oiliúna agus margaidh saothair, chomh maith le réimse seirbhísí sóisialta agus síceolaíochta chun tacú le speictream leathan cliant. Tá meas mór ag go leor ball foirne agus foghlaimeoirí air. Tá an fhoireann Treoirchomhairleoireachta ardoilte agus úsáideann siad a gcuid eolais áitiúil go maith chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí féideartha agus reatha. Thuairiscigh na foghlaimeoirí ar cuireadh agallamh orthu go bhfaigheann siad comhairle neamhchlaonta ionas gur féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh maidir lena gcúrsaí. De thairbhe go soláthraíonn an tseirbhís tacaíocht agus go ndéanann sé atreoruithe, cuidíonn sé le foghlaimeoirí fanacht ar a gcúrsaí agus a gcuid cúrsaí a chríochnú.

- Fostaíonn ETB Dhún na nGall Síceolaí Oideachais Sinsearach lánaimseartha. Is socrú uathúil é sin a sholáthraíonn tacaíocht chomhoibritheach do mhic léinn, d'fhoghlaimeoirí, don fhoireann agus do thuismitheoirí i scoileanna, in ionaid Cumasóige agus i gcúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna eile.
- Faigheann foghlaimeoirí BTEI Dhún na nGall treoirchomhairleoireacht thosaigh mhaith le cur ar a gcumas dul ar an chúrsa is oiriúnaí dóibh. Cuidíonn ionduchtú ginearálta ó oibrí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí BTEI agus baill foirne eile le comhpháirteanna an chúrsa d'fhoghlaimeoirí a bhriseadh síos ionas go dtuigfidh siad a bhfuil le déanamh acu chun an cháilíocht agus aidhmeanna an chúrsa a bhaint amach. Tugann foghlaimeoirí BTEI faoin seiceálaí scileanna ag céim an agallaimh. Faigheann siad tacaíocht maidir le saincheisteanna sláinte pearsanta mar shampla titimeas agus plúchadh. Bhí teagascóir seachtrach i gceannas ar chúrsaí garchabhrach do thart ar 30 ball foirne agus foghlaimeoir le déanaí a chuir ar chumas na rannpháirtithe uilig scileanna praiticiúla úra a fhorbairt sa bhaile agus san obair.
- Tá foireann *Ag Foghlaim don Saol* (Litearthacht) an-tiomanta do leibhéil arda tacaíochta pearsanta a thabhairt d'fhoghlaimeoirí. Tá riachtanais phearsanta dhomhain ag go leor dá bhfoghlaimeoirí agus tá siad ag brath ar a gcuid teagascóirí le haghaidh tacaíochta agus comhairle. Is minic a thairgeann na teagascóirí é sin ina gcuid ama féin agus tuairiscíodh go minic nach mbíonn na deiseanna acu 'bonn braite' a bheith acu ná an tacaíocht agus an chomhairleoireacht a theastaíonn uathu a fháil mar thoradh ar na cineálacha saincheisteanna a ardaíonn a gcuid foghlaimeoirí.
- Soláthraíonn soláthar Printíseachta ETB Dhún na nGall agus Comhairleoirí Oiliúna Sinsearach (STA) réimse leathan seirbhísí neamhfhoirmiúla agus foirmiúla do phrintísigh agus d'fhostóirí. Tá ag éirí go maith leis an speisialtóir tacaíochta foghlama a tugadh isteach chun tacaíocht bhreise scileanna litearthachta agus staidéir a thabhairt do phrintísigh le linn chéim 2 dá socrúchán, socrúchán a mhaireann 22 seachtain. Tugtar tacaíocht bhreise do phrintísigh fosta i réimsí na matamaitice agus na líníochta srl. Tá rochtain ag gach printíseach ar STAnna ar féidir leo teagmháil a dhéanamh leo go díreach má tá aon fhadhb acu. Tugann na STAnna cuairteanna "ar an láthair" fosta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun tacaíocht a thabhairt don phrintíseach agus/nó don fhostóir ar feadh fhad na printíseachta.
- Tugann Cláir Oiliúna agus Cláir Oiliúna i Sainscileanna (SST) réimse scileanna a bhaineann le hinfhostaitheacht agus cáilíochtaí gairme foirmiúla d'fhoghlaimeoirí le freastal orthu siúd atá ag dul isteach sa mhargadh saothair den chéad uair agus do dhaoine ar mian leo cur lena gcuid scileanna nó scileanna úra a fhoghlaim. Feabhsaíonn na cláir sin torthaí fostaíochta do rannpháirtithe agus cuidíonn siad le foghlaimeoirí a choinneáil agus cuireann siad le táirgiúlacht ina n-earnálacha gairme.
- In SDOG, tá an caidreamh le seirbhísí treorach an-láidir san áit a bhfuil siad ar fáil agus cuidíonn na treoirchomhairleoirí le radharc a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí ionchasacha ionas go dtuigeann siad aidhmeanna an chlár agus na bealaí gairme is féidir leis a oscailt d'fhoghlaimeoirí. Soláthraíonn teagascóirí tacaíocht trí 'ghnáthchleachtas seomra ranga', lena n-áirítear disciplín agus iompar foghlaimeoirí a fhorbairt atá oiriúnach don obair. Tá sláinte agus folláine comhtháite sa chlár fosta. Is iomaí foghlaimeoir a dhéanann dul chun cinn chuig cúrsa ar leibhéal 6 nó 7, nó chuig fostaíocht.

- Tá na torthaí cáilíochta do Chumasóige thar barr. Is sainsoláthar é sin a bhfuil acmhainní cearta curtha ar fáil dó le réimse leathan tacaíochta aonair, abhcóideacht (seachas treoir), comhairleoireacht agus meantóireacht. Ní fhaigheann ach ionad amháin maoiniú ó bhuiséad an tionscnaimh um riachtanais speisialta oideachais (SENI).
- Forbraíon Oideachas Pobail acmhainn an phobail agus tacaíonn sé le grúpaí pobail áitiúla le freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha na gcónaitheoirí áitiúla. I gcomhar le Soláthraithe For-rochtana Pobail áitiúla, soláthraíonn ETB Dhún na nGall líonra de seirbhísí timfhillte ar ardchaighdeán, déanann sé iad a chomhordú agus cuireann sé na hacmhainní cuí ar fáil dóibh. Is cuid riachtanach iad sin chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar fhoghlaím; measúnuithe riachtanas a dhéanamh; tacaíocht do mhic léinn a sholáthar agus pleanáil, comhordú agus cumarsáid a fheabhsú. I ndeireadh na dála, is féidir leis na tacaíochtaí sin a bheith lárnach chun tionchar a imirt ar choinneáil na rannpháirtithe.
- Nuair a cuireadh RPL ar fáil cuireadh i bhfeidhm é ar bhealach dea-struchtúrtha comhordaithe. Go dtí seo, tá 215 foghlaimeoir i ndiaidh dámhachtainí a bhaint amach a bhaineann go sonrach lena gcuid eolais agus inniúlachtaí scileanna. In ETB Dhún na nGall, soláthraítear dhá mhionchás-staidéar sa Tuarascáil Theicniúil .i. ceachtanna ó thionscnamh RPL de chuid na bhFórsaí Cosanta agus iarratas ar scála mór maoinithe ag SOLAS le déanaí chun RPL a phiolótú san earnáil Cúraim (Márta 2020-2022). Díreoidh sé sin ar an chéad dul síos ar luathfhágáilithe scoile nach bhfuil mórán cáilíochtaí acu agus ar dhaoine atá ag obair agus a bhfuil bailíochtú le déanamh ar a gcuid scileanna. Tá torthaí dul chun cinn PLC an-mhaith.
- I gcláir Iar-Ardteistiméireachta (PLC), tugann baill foirne túslíne tacaíocht d'fhoghlaimeoirí chomh fada agus is féidir leo agus baineann foghlaimeoirí leas as taithí agus saineolas na dteagascóirí.
- I gCláir Sainoiliúna (STP) Dhún na nGall mar TACA agus NLN, tá tacaíocht do chláir comhtháite go han-mhaith le cláir sheachtracha arna maoiniú ag ETB Dhún na nGall do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais/míchumas (SEND) acu/orthu. D'aithin seoladh STP riachtanais fostaíochta nó foghlama daoine faoi mhíchumas trí ghairmoiliúint ag Leibhéal QQI 3-5.
- Maidir le dearbhú cáilíochta (DC), is ról úr é an comhordaitheoir DC le freagracht as maoirseacht, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an chóras DC laistigh d'ETB Dhún na nGall. Cothromaíonn beirt oifigeach cáilíochta oiliúna (OConna) peirspictíochtaí ó na córais FÁS agus FE roimhe seo. Is é an fócas tosaigh na próisis oideachais agus oiliúna roimhe sin a chónascadh i gcóras comhtháite cáilíochta uileghabhálach. Cuimsíonn an córas úr treoirlínte Reachtuil DC QQI, a foilsíodh in Aibreán 2016. Is é an fócas reatha ná beartais DC a fhorbairt sula n-oibreofar na próisis ag leibhéal an chláir. Tá an tSeirbhís Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta ag tabhairt cuairteanna faisnéiseacha ar na 17 n-ionad chun timpeallacht foghlama gach ionaid a thuiscint. Ceann de na téamaí atá le hiniúchadh is ea struchtúr na treorach agus rochtain ar threoir / infhaighteacht na treorach. Beidh guth/tuairimí na mac léinn agus na foirne lárnach sna próisis agus sna córais sin.
- Is córas réasúnta úr é an Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Cláir (PLSS) agus tá pleananna ann le haghaidh tuilleadh deiseanna don fhoireann tástáil a dhéanamh air agus foghlaim fá dtaobh de ionas go dtuigfidh siad go hiomlán na buntáistí a bhaineann leis an chóras.

- Tá fonn láidir laistigh d'fhoireann bainistíochta FET ailíniú go maith le moltaí SOLAS anois agus sa todhchaí, mar shampla, coincheap na gcampas áitiúil agus contae. Is léir ón dóigh a n-úsáidtear foirgnimh áitiúla agus acmhainní foirne go bhfuil fealsúnacht agus cur chuige láidir ann maidir le hionchuimsiú gníomhach. Tá fianaise ann go bhfuil deiseanna oiliúna á sceidealú ar bhealach solúbtha, sofhreagrúil. Oibríonn an tsamhail aiseolais agus tacaíochta teagascóirí go maith in Ionaid Oiliúna ETB Dhún na nGall.

Bearnaí/easnamh sna Seirbhísí Tacaíochta d'Fhoghlaim

Cé go bhfuil go leor láidreachtaí sna socruithe reatha, dhírigh an taighde seo fosta ar bhearnaí agus/nó easnamh a chuirfidh le plananna feabhsúcháin leanúnacha FET. Mar shampla:

- D'aithin roinnt ball foirne go dteastaíonn níos mó oiliúna uathu faoi uathachas agus riachtanais speisialta oideachais eile, lena n-áirítear na próisis tacaíochta do na foghlaimoirí sin. Chuir daoine eile in iúl go bhfuil mí-úsáid drugaí agus alcóil ina ábhar imní fosta - féach thíos chomh maith.
- Tá seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimoirí ró-éagsúil - mar shampla, níl aon bheartas amháin ann maidir le hiompar ar fud na gclár. Ní chuirtear socruithe maidir le cúram leanaí chun cinn go comhsheasmhach.
- Tá an-éileamh ó bhaill foirne agus ó mhic léinn ar thacaíocht treoirchomhairleoireachta ach tá na hacmhainní cuí teoranta faoi láthair. Laistigh de na seirbhísí treoirchomhairleoireachta, b'fhéidir go mbeadh aird bhreise ag teastáil ó thaobh inscne agus éagsúlacht eitneach de in aon bhabhta earcaíochta amach anseo. Rachadh infheistíocht níos mó i seirbhísí treorach agus leathnú orthu chun leasa níos mó foirne, mac léinn agus mic léinn fhéideartha.
- Ar fud na gclár go léir, tá scóip ann cuir chuige measúnaithe, scagtha agus diagnóiseacha a neartú go suntasach chun cuidiú le rochtain agus cothromas a fheabhsú tuilleadh .i. na daoine cearta ar an chúrsa cheart, ag an am cheart.
- I roinnt cásanna, caithfidh foireann BTEI riachtanais bhreise foghlama agus tacaíochta foghlaimoirí a aithint de réir mar a fhorbraíonn an cúrsa, cé go bhfuil siad ag tosú ag úsáid an chórais WRAT 5, nuair is cuí. Is cosúil go bhfuil éagsúlacht i gceist maidir le cé chomh hoilte agus atá gach múinteoir/teagascóir ag úsáid WRAT 5 de réir caighdeáin náisiúnta. Is é cuspóir WRAT scileanna léitheoireachta a mheas agus monatóireacht a dhéanamh orthu, scileanna matamaitice a mheas agus míchumais foghlama a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint. Tá treoirlínte ann fosta maidir le cé ba cheart WRAT a riar. Dar leis an fhoireann go bhféadfadh foghlaimoirí áirithe imeacht in amanna mar gheall ar an tréimhse ama a bhaineann le WRAT toisc nach sainaithnítear a gcuid riachtanas breise tacaíochta foghlama luath go leor. Dar leo fosta gur chóir go mbeadh seirbhís tacaíochta foghlama i ngach ionad, ar bhonn *pro-rata* de réir líon na mac léinn agus go mbraitheann tacaíocht phearsanta an iomarca ar dhea-thoil na foirne go minic.
- Thug agallaithe ón chlár *Ag Foghlaim don Saol* le fios nach bhfuil deiseanna acu 'faoiseamh a fháil' agus iad ag déileáil le saincheisteanna mothúcháinacha agus pearsanta roinnt foghlaimoirí. Braitheann siad fosta go gcaithfear a bheith in ann roinnt foghlaimoirí a threorú chuig

gníomhaireachtaí tacaíochta agus bhraith siad go mbeadh liosta gníomhaireachtaí agus nósanna imeachta atreoraithe cabhrach. Uaireanta braitheann eagraithe go bhfuil siad sáraithe le hobair riaracháin agus ní féidir leo tacú leis na teagascóirí i gcónaí. Cé go soláthraíonn foireann *Ag Foghlaim don Saol* tacaíocht go hinmheánach, aontaíonn an tseirbhís treorach nach mbaineann an clár go leor úsáide astu, ach tá imní orthu fosta nach mbeadh na leibhéil reatha foirne in ann déileáil leis an éileamh dá dtiocfadh athrú ar an scéal. Bhraith roinnt ball foirne agus foghlaimeoirí ar cuireadh agallamh orthu nach ndéanann cáilíochtaí Leibhéal 2 sa chlár *Ag Foghlaim don Saol* tomhas i gcónaí ar dhul chun cinn iarbhair na bhfoghlaimeoirí - a d'fhéadfadh a bheith níos airde ná an leibhéal sin nó a d'fhéadfadh réimse níos leithne scileanna a áireamh ná na scileanna a ndéantar measúnú orthu faoi láthair. I roinnt cásanna, is cosúil go bhfuil tionchar ag dualgais riaracháin ar cháilíocht na tacaíochta a chuirtear ar fáil don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí, go háirithe sa chlár *Ag Foghlaim don Saol*.

- Thuairiscigh baill foirne a bhí ag obair le printísigh agus le fostóirí nár tháinig forbairt leordhóthanach ar na critéir incháilitheachta oideachais do phrintíseachtaí ceardaíochta réamh-2016 chun freastal ar riachtanais fostóirí agus riachtanais an churaclaim i roinnt ceirdeanna. Is é an t-aiseolas ó go leor fostóirí gur mhaith leo go n-ardófaí é ón chaighdeán reatha .i. An Teastas Sóisearach go dtí na Ardteistiméireacht. Tá sé tábhachtach go sásódh na critéir incháilitheachta oideachais riachtanais an churaclaim, go mbeadh siad réalaíoch agus go sásódh siad riachtanais na bpáirtithe leasmhara uilig fosta. Thuairiscíodh nach gá go mbeadh na critéir iontrála oideachais mar an gcéanna do gach printíseacht réamh-2016.
- Luadh fosta go bhfuil gá straitéiseach le seasamh na printíseachta a fheabhsú agus d'fhéadfaí dul chun cinn a dhéanamh sa réimse sin dá dtabharfaí stádas comhionann do phrintíseachtaí i dtéarmaí dul chun cinn foghlaimeoirí (ó iar-bhunscoileanna) mar a thugtar do dhul chun cinn tríd an CAO go dtí an Tríú Leibhéal. Chuir na hagallaimh leis an fhoireann agus le printísigh béim ar chás-staidéir inar fhág roinnt foghlaimeoirí a gcúrsa coláiste 3ú leibhéal sular chríochnaigh siad chun dul isteach i bprintíseacht. Is minic go mbíonn printísigh lasmuigh den chontae le haghaidh oideachas agus oiliúint lasmuigh den láthair oibre m.sh. 22 seachtain le linn Chéim 2. Tá beartais éagsúla ag ETBanna éagsúla agus níl go leor caighdeánaithe ann maidir le tacaíocht d'fhoghlaimeoirí ar fáil ar nós tacaíocht maidir le saincheisteanna meabhairshláinte, tacaíocht teanga dóibh siúd a labhraíonn Béarla mar theanga bhreise, agus tacaíocht litearthachta agus uimhearthachta, srl.
- Teastaíonn córas pleanála níos indibhidiúla ó fhoghlaimeoirí ar chúrsaí oiliúna agus ar shainchúrsaí tacaíochta, rud a chuimseodh córas chun a bhforbairt iomlán a thaifeadadh. Bhraith an fhoireann gur chóir go dtacódh na cláir leis na foghlaimeoirí a gcuid scileanna bainistíochta gairme agus infhostaitheachta a fhorbairt le cuidiú leo dul ar aghaidh i dtreo na fostaíochta. Tá soláthar na tacaíochta sách 'ad hoc'.
- D'aithin foireann na Seirbhísí Oiliúna bearna sa tacaíocht d'fhoghlaimeoirí maidir le saincheisteanna meabhairshláinte. Bhraith siad fosta nach bhfuil aon phearsanra ar fáil atá oile chun déileáil le foghlaimeoirí le saincheisteanna a bhaineann le drugaí agus alcól agus ba mhór acu treoirilínite agus oiliúint ina leith sin. Is féidir le litearthacht agus uimhearthacht a bheith ina mbacainn shuntasach d'fhoghlaimeoirí fosta. Tá easpa saineolais ann chun tacú le daoine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu

- m.sh. ADHA, uathachas, disléicse srl. B'fhéidir go bhfuil oiliúint nó cáilíochtaí breise ag roinnt ball foirne sna réimsí sin; níl sé sin ar fáil do gach foghlaimeoir, áfach.

- Bhí imní ar bhaill foirne SDOG a cuireadh faoi agallamh nach bhfuil aon tacaíocht foghlama ann mar chuid de sholáthar Leibhéal 4. Dúirt siad go dteastaíonn tacaíocht bhreise ó roinnt mac léinn ag tús na gclár chun bunscoileanna staidéir a fhorbairt, go háirithe scríbhneoireacht chriticiúil agus mhachnamhach - riachtanas le dul ar aghaidh chuig Leibhéal 5. Líonfadh cúrsa tacaíochta foghlama ag Leibhéal 4 an bhearna sin dóibh siúd a bhfuil sé de dhíth orthu. Bhraith an fhoireann ar cuireadh agallamh orthu gur chóir go mbeadh treoirchomhairleoireacht níos comhsheasmhaí ar fáil ar fud na gclár. Sa dóigh chéanna, bhraith an fhoireann gur cosúil go bhfuil na hionaid ag obair ina n-aonar agus go rachadh sé chun leasa dóibh dá mbeadh níos mó comhordaithe ann ar fud na n-ionad.
- Maidir le Cumasóige, tá imní ar roinnt ball foirne go bhféadfadh mic léinn a bheith ag brath an iomarca ar thacaíocht agus i gcásanna áirithe b'fhéidir nach mbeadh siad ag forbairt an neamhspleáchais a bheidh ag teastáil uathu chun leanúint ar aghaidh ag forbairt nuair a fhágfaidh siad an clár. Díríonn na córais chun gnóthachtáil a thaifeadadh ar chreidiúnú ar bheagnach gach clár. Is riachtanas é sin maidir le maoiniú SOLAS. Tá ábhar imní ann go ndéanann foghlaimeoirí áirithe cáilíocht ag leibhéal a dó nach n-aithníonn a bhforbairt agus a ndul chun cinn iomlán. Níl aon chóras uilíoch ann chun forbairt foghlaimeoirí aonair ar scileanna pearsanta, sóisialta, bainistíochta gairme agus infhostaitheachta a aithint nach n-aithnítear mar thorthaí foghlama laistigh de mhodúil - ach d'fhéadfadh siad seo a bheith tábhachtach d'fhorbairt fhoriomlán na bhfoghlaimeoirí. I measc roinnt samplaí tá: féinmheas agus muinín a fhorbairt a chuireann ar a gcumas páirt a ghlacadh agus leas níos iomláine a bhaint as an chlár agus cur lena seans dul ar aghaidh go rathúil chuig fostaíocht nó breisoideachas agus oiliúint.
- Is gá RPL a dhéanamh níos infheicthe sa Chontae. Tá a phróisis do RPL doiciméadaithe ag ETB Dhún na nGall, lena n-áirítear meantóireacht agus tacaíocht éascaithe. Tá ról do threoir sa phróiseas ach ba cheart go mbeadh sé sin scartha ón ghníomhaíocht mheasúnaithe. Tugadh faoi deara go bhfuil córas RPL ar líne ag NALA is féidir a chur ar fáil más gá.
- Maidir le Cúrsaí Soláthraithe Sainoiliúna (STP) atá maoinithe ag ETB Dhún na nGall, mar chlár TACA agus NLN, ní dhéantar forbairt iomlán foghlaimeoirí a thaifeadadh ná a cheangal ar leibhéal áitiúil agus/nó náisiúnta. Déantar torthaí mar dhul chun cinn chuig FE/HE agus fostaíocht, chomh maith le torthaí deimhniúcháin a thaifeadadh go háitiúil agus go náisiúnta.
- Maidir le mic léinn Iar-Ardteistiméireachta (PLC), níl aon am curtha ar leataobh do thacaíocht d'fhoghlaimeoirí ná rochtain ar thacaíocht RSO d'fhoghlaimeoirí PLC. Níl aon socrúithe ann ach oiread do mhic léinn PLC i nDún na nGall chun treoirchomhairleoireacht a fháil. Mar a dúirt duine de na teagascóirí, 'Mar thoradh ar chúrsaí FET a sholáthar sa chóras 2ú leibhéal, is dóigh linn go bhfuil muid i ndiaidh titim idir dhá stól maidir le tacaíocht d'fhoghlaimeoirí'. Mar a sheasann rudaí faoi láthair, níl aon am ar leith curtha ar leataobh do na foghlaimeoirí sin le haghaidh treoirchomhairleoireachta ná treoir phearsanta.
- Laistigh de na hionaid Oiliúna, tá éileamh ar thacaíocht mhíchumais agus tacaíocht litearthachta d'fhoghlaimeoirí ag Leibhéal 5 & 6. Caithfidh mic léinn a socrúcháin féin a aimsiú le gnóthachain

caipitiúla sóisialta dóibh siúd atá ábalta leas a bhaint as a gcuid líonraí. Cé go n-aithnítear gur cuid dhílis d'aon chúrsa oiliúna é go mbíonn baint ghníomhach ag oiliúnaithe le socrúchán a aimsiú .i. is scil é sin a mbeidh siad ag brath uirthi agus iad ag lorg fostaíochta i ndiaidh aon chúrsa, thug roinnt teagascóirí le fios nár mhothaigh siad cáilithe ná oilte go leor chun treoir a sholáthar maidir le rogha socrúcháin do na hoiliúnaithe sin nach bhfuil in ann a gcuid féin a aimsiú.

- Chruthaigh ETB Luimnigh agus an Chláir a mbeartais féin maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí lena n-áirítear treoir a chruthaigh straitéis Faisnéise, Treorach agus Earcaíochta. Laistigh agus lasmuigh de Dhún na nGall, tuairiscítear go bhfuil ábhar imní ann go bhféadfadh neamhchlaontacht a bheith i mbaol. B'fhéidir go gcaithfear céimeanna a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an imní sin. Faoi láthair, níl aon bheartas náisiúnta ann maidir leis sin. Cuireann fianaise ó thaighde idirnáisiúnta béim ar an teannas a bhaineann le faisnéis, comhairle agus treoir a chónascadh le mic léinn a earcú ar chlár.
- Cuid de ról Oifigeach Cumarsáide an ETB ná cuidiú le cúrsaí agus gníomhaíochtaí FET a chur chun cinn, lena n-áirítear trí na meáin shóisialta . Tá scóip ann níos mó a dhéanamh chun próifíl ETB Dhún na nGall a ardú lasmuigh den Chontae.

Léirbhreithniú ar an litríocht

Tá deiseanna ann foghlaim ó sheirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí lasmuigh d'Éirinn maidir le beartais agus cleachtais mhaithe agus/nó spésiúla, mar shampla, *Working Wales #ChangeYourStory*; *An dóigh a bhfuil an Eastóin ag seachadadh treorach ar líne le linn Covid-19*; *Córais agus Cleachtais Treorach ar feadh an tSaoil* (Cedefop). Tarraingíodh na torthaí sin agus torthaí breise eile ó fhoinsí ar leithligh de thuarascálacha ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta chun cabhrú le ETB Dhún na nGall FET tógáil ar bheartais agus ar chleachtais tacaíochta d'fhoghlaimeoirí maithe/suimiúla agus smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí a aithint. Féach Roinn 6 sa Tuarascáil Theicniúil.

Smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí

- Leanúint ar aghaidh ag cur leis na beartais agus na cleachtais mhaithe/spésiúla a bhfuil cuntas orthu thuas agus laistigh den Tuarascáil Theicniúil, go háirithe guthanna/tuairimí na rannpháirtithe agus na neamh-rannpháirtithe a ghabháil chun socruithe tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a threorú. Ba cheart go leanfadh ETB Dhún na nGall ag iniúchadh bealaí dinimiciúla le daoine nach rannpháirtithe iad a spreagadh nó a athspreagadh le lena muinín, a mianach agus a ndúil i leith na foghlama agus forbairt scileanna.
- Infheistiú in oiliúint bhreise i seirbhís do chustaiméirí do gach ball foirne túslíne ar fud sheirbhísí FET an ETB chun cothromas níos mó a chinntiú i seirbhísí tacaíochta foghlaimeoirí ar fud an Chontae.
- Ní mór rochtain ar Threoirchomhairleoireacht a leabú i ngach clár. Tá scóip ann fosta an cleachtas is fearr a leanúint i gcur chuige Eorpach agus Idirnáisiúnta chun scileanna bainistíochta gairme a leabú i ngach clár foghlama m.sh. Albain agus Málta. D'fhéadfadh modúil QQI maidir le taithí oibre leas a bhaint as sin fosta.
- Smaoinigh ar chuir chuige scagtha agus diagnóiseacha a neartú, mar shampla, ceachtanna a foghlaimíodh ó *Working Wales (#ChangeYourStory)*; *An dóigh a bhfuil an Eastóin ag seachadadh*

treorach ar líne le linn Covid-19; Córais agus Cleachtais Treorach ar feadh an tSaoil (CareersNet, Cedefop) agus freagairt Fhondúireacht Forbartha Gairme Cheanada ar Covid-19: Tionchair agus Moltaí.

- Chabhródh Síceolaí Oideachais lánaimseartha breise i nDún na nGall, faoi réir acmhainní, feabhas a chur ar shaincheisteanna rochtana agus cothromais, chomh maith le hacmhainn na foirne a fhorbairt ar fud na gclár.
- Smaoinigh ar cheachtanna a foghlaimíodh ón dóigh a bhfoghlaimíonn daoine fásta san obair, lena n-áirítear an tsamhail COM-B (Michie et al, 2011) a d'fhéadfadh a bheith an-úsáideach d'oiliúint agus d'fhorbairt foirne.
- Déan iniúchadh ar dheiseanna chun cur leis an aitheantas atá ann cheana do mhoil ar líne réamhfhoghlama (RPL) m.sh. NALA agus imscrúdú a dhéanamh ar dheiseanna do bhrandáil shaincheaptha ETB Dhún na nGall. Tá scóip ann fosta athbhreithniú a dhéanamh ar RARPA (Dul Chun Cinn agus Gnóthachtáil a Aithint agus a Thaifeadadh) i Sasana agus samplaí dea-chleachtais eile ón Eoraip agus níos faide i gcéin.
- Dul i ngleic le riachtanais oiliúna agus forbartha foirne i réimsí mar oibriú go héifeachtach le daoine aonair agus/nó grúpaí a bhfuil uathachas, riachtanais oideachais speisialta agus/nó míchumais orthu, spleáchas ar dhruaí agus/nó alcól.
- Córas intomhaiste a fhorbairt chun forbairt agus dul chun cinn foghlaimeoirí a ghabháil agus a thaifeadadh de bhreis ar leibhéal agus éachtaí cáilíochta agus baill foirne a bheith páirteach ann ón tús sa phróiseas sin. Creataí do sheirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a roinnt agus a chomhforbairt - mar shampla iad siúd in ETB Luimnigh agus an Chláir.
- Moil forbartha rathúla ar líne d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne a fhiosrú níos mó. Thug foghlaimeoirí roinnt samplaí ach tá srianta ar acmhainn leathanbhanda sa chontae. Féach ar *An Ollscoil Oscailte: Innovating Pedagogy* (2020, p.36).

Tuarascáil Theicniúil

Seirbhísí Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí laistigh de sheirbhís FET ETB Dhún na nGall

1. Réamhrá

1.1 I mí na Nollag 2019, choimisiúnaigh ETB Dhún na nGall *dmh associates* chun taighde cáilíochtúil a dhéanamh ar sholáthar, ar eagrúchán agus ar éifeachtúlacht na Seirbhísí Tacaíochta Foghlaimeoirí laistigh de sheirbhís Breisoideachais & Oiliúna (FET) ETB Dhún na nGall. Ba é an príomhriachtanas ná taighde a dhéanamh chun na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

- Forbhreathnú gairid ar an chleachtas reatha (náisiúnta agus idirnáisiúnta) i soláthar agus eagrú seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí FET
- Dea-chleachtas/cleachtas spéisiúil san earnáil a aithint
- Bearnaí agus/nó easnaimh i soláthar agus tacaíocht na seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí laistigh de sheirbhís FET Dhún na nGall a aithint
- Moltaí agus smaointe maidir le gníomhú laistigh den leibhéal reatha acmhainní.

1.2 Tá an struchtúr tacaíochta d'fhoghlaimeoirí náisiúnta reatha in Éirinn casta agus deacair go minic d'fhoghlaimeoirí, d'fhoireann agus do sholáthraithe a mbealach a dhéanamh fríd .i. oibríonn scata gníomhaireachtaí go náisiúnta agus go háitiúil le sainchúraimí gaolmhara. Ó thaobh tacaíochta agus treorach d'fhoghlaimeoirí de, tá na príomh-mholtaí ar ghlac an Rialtas leo in '*Athbhreithniú ar Uirlisí agus Faisnéis Treorach Gairme*' (*Indecon* 2019) ¹ fós á n-athbhreithniú. Tá na torthaí thíos deartha chun cur le plananna feabhsúcháin cáilíochta ETB Dhún na nGall chun seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú. Tá seirbhís tacaíochta d'fhoghlaimeoirí FET ETB Dhún na nGall i ndiaidh cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun a phlean feabhsúcháin cáilíochta leanúnach a threorú agus tacú leis, mar fhreagairt ar riachtanais QQI.²

2. Modheolaíocht

2.1 Rinneadh an taighde idir 18^ú Nollaig 2019 - 30^ú Aibreán 2020. Ón tús, sainithníodh príomh-shainmhínte maidir le comhsheasmhacht sa teanga a úsáidtear agus chun críocha cruinnis. Féach Aguisín

1. Bhí na nithe seo a leanas i gceist sa phróiseas taighde:

- Taighde deisce chun an comhthéacs náisiúnta agus réigiúnach a thuiscint, lena n-áirítear tosca sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil - féach cuid 3.0.
- Breathnú ar ghníomhaíochtaí meastóireachta agus comhairliúcháin le mic léinn agus baill foirne ag mórfhóram *Guth na Mac Léinn FET* ETB Dhún na nGall a tionóladh i Leitir Ceanainn an 11 Feabhra 2020 - féach cuid 4.0
- Reáchtáladh cúig sheisiún grúpa ag Ionad Treorach ETB Dhún na nGall, Leitir Ceanainn idir 12 - 15 Feabhra 2020. D'fhreastail 38 ball foirne san iomlán ar na seisiúin sin; ciallaíonn sé sin go raibh ionadaí ann ón réimse iomlán soláthair. I measc ról na rannpháirtithe bhí: múinteoirí/teagascóirí/oidí, comhordaitheoirí, treoirciomhairleoirí agus foireann tacaíochta foghlama. Bhí príomhfhócas na n-

agallamh sin ar sheirbhísí tacaíochta foghlaimeoirí ETB Dhún na nGall laistigh de FET .i. gnéithe den soláthar neamhchuraclaim. I measc na dtéamaí imscrúdaithe bhí - treoirchomhairleoireacht (cur chuige iomlánaíoch lena n-áirítear ullmhacht gairme); tacaíocht thréadach (fás go pearsanta; uathriail sa domhan mór); riachtanais bhreise foghlama, mar shampla litearthacht agus uimhearthacht; tacaíocht staidéir – an foghlaim an dóigh le foghlaim (arís); abhcóideacht; iompar; cúram leanaí; agus tacaíocht airgeadais. Reáchtáladh trí agallamh teileafóin le baill foirne nach raibh in ann freastal ar na seisiúin ghrúpa sin agus sheol seachtar ball foirne smaointe agus ábhair bhreise a bhain leis na ceisteanna taighde - féach cuid 5.0.

- Agallaimh aonair a reáchtáladh le Stiúrthóir Breisoideachais & Oiliúna Dhún na nGall (FET), Síceolaí Oideachais Sinsearach, beirt Oifigeach Oideachais Aosaigh, beirt Bhainisteoirí Ionad Oiliúna Cúnta, Comhordaitheoir agus Comhairleoir Treorach d'Aosaigh agus Oifigeach Cumarsáide - féach cuid 5.0.
- Reáchtáladh trí agallamh teileafóin le gníomhaireachtaí seachtracha lena n-áirítear: Oifigeach Oideachais Aosaigh ó ETB Luimnigh agus an Chláir, Príomhfheidhmeannach na hÁisínteachta Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh agus Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Breisoideachais agus Oiliúna, Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann - féach cuid 5.0.
- Tionóladh trí chruinniú aghaidh ar aghaidh i mBaile Átha Cliath leis an Stiúrthóir um Ionchuimsiú FET, SOLAS, Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas agus Príomhfheidhmeannach na hEagraíochta Náisiúnta um Fhoghlaim Aosach (AONTAS) - féach cuid 5.0.
- Measúnú gasta fianaise ar litríocht náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta chun treochtaí agus beartais agus cleachtais agus smaointe maithe/suimiúla le haghaidh gníomhaíochta a aithint - féach codanna 6.0 agus 7.0.

Ón tús, sainithníodh príomh-shainmhínithe maidir le leanúnachas sa teanga a úsáidtear agus chun críocha cruinnis (féach Aguisín 1 sa Tuarascáil Theicniúil). Tá na torthaí deartha chun cur le pleananna feabhsúcháin cáilíochta ETB Dhún na nGall chun seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú. Cuirfidh siad sin fosta leis an fhéinmheastóireacht chuimsitheach ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtacht nósanna imeachta dearbhaithé cáilíochta na seirbhíse FET atá á ndéanamh mar chuid den athbhreithniú reachtúil faoi stiúir QQI ar chórais Dearbhaithé Cáilíochta FET na nETBanna go náisiúnta.

3. Comhthéacs Náisiúnta

3.1 Ar fud na hÉireann ar leibhéal beartais náisiúnta³, is príomhthosaíochtaí iad na buntáistí intreacha agus eistreacha a bhaineann le hoideachas agus oiliúint i ndáil le rannpháirtíocht, tinreamh agus gnóthachtáil daoine aonair, go háirithe dóibh siúd atá ina gcónaí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta. In 2013, mar thoradh ar reachtaíocht úr m.sh. an *tAcht um Breisoideachas agus Oiliúint* (FET) 2013⁴ agus Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna (ETB) 2013⁵ bunaíodh an t-údarás reachtúil úr FET.

3.2 Bunaíodh SOLAS (*An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna*), an t-údarás reachtúil FET,⁶ i mí Dheireadh Fómhair 2013 le freagrachtaí móra as comhordú, tacaíocht agus maoiniú oideachais agus oiliúna san earnáil chomhcheangailte. Mar thoradh ar athrú struchtúrtha suntasach rinneadh 33 Coiste Gairmoideachais (VECanna) a chónascadh i 16 ETB ar fud na tíre. I ndiaidh dhíscaoileadh FÁS, ghlac SOLAS

(ní an t-údarás céanna atá luaite thuas) feidhm oiliúna na gníomhaireachta, gníomhaireacht faoi shainchúram na Roinne Oideachais & Scileanna, agus rinneadh an chuid gníomhachtaí de FÁS a chumasc leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun seirbhís úr a chruthú, *Intreo*⁷. Tá sé sin deartha le bheith ina ionad ilfhreastail d'fhaighteoirí íocaíochtaí coimirce sóisialaí chun idirghníomhú leis an Roinn agus tús a chur lena bpróiseas gníomhachtaíthe.

Aibhsíonn straitéis FET (2014-2019)⁸ an dóigh a bhfeiceann formhór na bpáirtithe leasmhara go bhfuil ról tábhachtach ag an earnáil maidir le hionchuimsiú sóisialta agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn (Ich. 90). Is iad na príomhthéamaí le cur san áireamh in FET: - tacaíocht chomhsheasmhach d'fhoghlaimoirí; FET a leabú sa phobal; díriú ar chohóirt tosaíochta; agus tacaíocht litearthachta agus uimhearthachta. Maidir le conairí don foghlaim ar feadh an tsaoil, táthar ag súil le cineálacha cur chuige níos modúla, níos solúbtha agus níos cumasaithe de bharr na teicneolaíochta, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar roghanna mar: micrea-chreidiúnú; aitheantas príomhshrutha ar réamhfhoghlaim (RPL) mar phróiseas chun scileanna, eolas agus inniúlachtaí a bhailíochtú, beag beann ar an timpeallacht foghlama inar gnóthaíodh iad; cuir chuige chomhtháite maidir le bealaí gairme laistigh de FET; agus tairseach láraithe TF.

3.3 In Aibreán 2019, leag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Straitéis agus Eolas ag SOLAS fíis amach le haghaidh *'An Chéad Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna Eile a Fhorbairt'*⁹. Thug sé sin forbhreathnú ar an dul chun cinn a rinneadh ó 2013 tar éis bhunú ETBanna agus SOLAS ag tabhairt córais breisoideachais agus oiliúna le chéile den chéad uair. Chuir SOLAS (Feabhra 2020) in iúl, "tá forbairt na chéad straitéise FET eile beagnach críochnaithe."

3.4 Sa bhliain 2000, tháinig forbairt fhoirmiúil seirbhíse náisiúnta treorach d'aosaigh laistigh den earnáil aosach agus breisoideachais chun críche. Cuireadh an tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach (AEGS) le chéile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhéadaitheacha foghlaimoirí fásta atá ag fillleadh ar oideachas, oiliúint agus fostaíocht (SOLAS, 2014). Soláthraíonn treoirchomhairleoirí treoirchomhairleoireacht réamhiontrála, iontrála, leanúnach, réamh-agus iar-imeachta do dhaoine fásta i spriocghrúpaí ar leith. Is príomhsholáthraí é an AEGS¹⁰ de threoir do dhaoine fásta i 37 seirbhís treorach áitiúil laistigh de na 16 ETB (*An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas* [NCGE], 2018). Faigheann foghlaimoirí rochtain ar an tseirbhís go príomha trí fhéin-atreorú, seirbhísí inmheánacha an ETB mar Sheirbhísí Litearthachta d'Aosaigh (ALS), agus seirbhísí seachtracha mar *Intreo*.

3.5 Is ar SOLAS ag leibhéal aonair an ETB atá an fhreagracht as soláthar treorach FET do dhaoine fásta a mhaoiniú. Idir 2016 agus 2018 mhéadaigh soláthar maoinithe do na seirbhísí ó €6.6 go €6.9 milliún (Indecon, 2019, Ich.12)¹¹.

3.6 Tá Comhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseacha Foirmiúla (SPA) idir SOLAS agus na ETBanna i bhfeidhm. Agus a ról á chomhlíonadh aige i dtacú leis an earnáil FET ar fud na hÉireann, d'fhorbair SOLAS na cúig chroíphrionsabal seo a leanas de chur chuige comhtháite:

- Féinriail na nETBanna chun soláthar agus seirbhísí a phleanáil agus a struchtúru
- Comhairle neamhchlaonta ar bhealaí foghlama féideartha
- Seirbhís chomhsheasmhach a chur ar fáil ar fud gach soláthar agus suíomh FET
- Acmhainní láraithe chun rochtain ar chomhairle agus ar fhaisnéis a fheabhsú
- Eolas ag léargas mhargadh an tsaothair agus sonraí cosáin/toraidh.

3.7 Díríonn córais chun gnóthachtaí mac léinn a thaifeadadh ar chreidiúnú ar bheagnach gach clár. Is riachtanas é seo maidir le maoiniú SOLAS. Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)¹² a leagann síos na sainmhínithe ar an soláthar agus ar na cáilíochtaí. Laistigh den straitéis litearthachta agus uimhearthachta den doiciméad Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna, bhí an moladh chun 'Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) a fhorbairt agus a fheabhsú agus grúpa oibre a bhunú chun Tuarascáil an Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo a scrúdú agus moltaí a dhéanamh le haghaidh gníomhaíochtaí.' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2014, lch.101).

3.8 I measc na gníomhaireachtaí náisiúnta eile atá ag cur le hobair ETB Dhún na nGall tá an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh¹³, an Líonra Náisiúnta Foghlama (NLN)¹⁴, AONTAS^{15,16}, an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE)^{(17)18 19}. Tá ról ag NCGE i dtreoirínte, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL/CPD) agus beartas a sholáthar maidir le treoir do scoileanna agus in FET. Leagann an NCGE léargas náisiúnta amach a théann chuig ETBanna. Ag tráth foilsithe an taighde seo, bhí feidhm fós ag Treoirínte an NCGE 2012²⁰ arna n-eisiúint ag an ROS tríd an NCGE.

3.9 Oibríonn Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) le heagraíochtaí náisiúnta agus ranna rialtais mar chomhlacht ionadaíoch do na 16 ETB. Soláthraíonn sé fócas náisiúnta agus feidhmíonn sé mar bhealach - sa dá threo chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí agus beartas. Oibríonn sé le SOLAS, ranna Rialtais, AONTAS, sainghníomhaireachtaí agus gníomhaireachtaí pobalbhunaithe, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus gníomhaireachtaí ábhartha eile.

3.10 In Aibreán 2016, d'fhoilsigh QQI a *Threoirínte Dearbhaithe Cáilíochta* reachtúla²¹ le go mbainfeadh gach soláthraí ardoideachais, breisoideachais, oideachais Béarla agus oiliúna úsáid astu. Ceanglaítear leis an *Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint)*²² ar sholáthraithe 'aird a thabhairt ar threoir dearbhaithe cáilíochta' QQI 'agus a nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta féin á mbunú acu' (lch.1). Dá bhrí sin, tá treoirínte reachtúla an QQI ábhartha do gach soláthar FET de chuid ETB Dhún na nGall. Díríonn an taighde seo, áfach, go príomha ar:

- *Réimse 7: Tacaíocht d'fhoghlaimoirí.* Cuimsíonn an réimse sin: cur chuige comhtháite ó thaobh an fhoghlaimora de; cúram tréadach (.i. tacaíocht mhothúchánach agus phearsanta do leas ginearálta foghlaimoirí); rochtain ar sheirbhísí a bhaineann le cláir (.i. seirbhís leabharlainne, faisnéise agus ríomhaireachta, tacaíocht acadúil agus neamh-acadúil, seirbhísí riaracháin agus teicniúla); ionadaíocht agus treoir foghlaimoirí. Sainmhínítear treoir mar 'faisnéis chruinn agus ábhartha ar an chlár, a chuimsíonn sonraí faoi bhealaí gairme féideartha' (lch 17).
- *Tá Réimse 3.2 Iontráil, dul chun cinn agus aitheantas foghlaimoirí agus Réimse 9.2 Faisnéis d'fhoghlaimoirí ábhartha don taighde seo fosta.*

4. Seirbhís FET ETB Dhún na nGall

4.1 Is é Dún na nGall an ceathrú contae is mó in Éirinn ar fad agus is é an contae is mó i gCúige Uladh é. Tá teorainn bheag aici le Contae Liatroma. Roinntear an chuid is mó dá theorainn talún le trí chontae i dTuaisceart Éireann: Contae Dhoire, Contae Thír Eoghain agus Contae Fhear Manach. Cé gurb é Leifear an baile contae, is é Leitir Ceanainn an baile is mó sa chontae agus tá daonra de 19,588²³ ann. Is iad Leitir Ceanainn agus cathair Dhoire in aice láimhe príomhais eacnamaíoch iarthuaisceart na hÉireann.

“Ba é an daonra i nDaonáireamh Aibreán 2016 ná 159,192 (fireann: 79,022; baineann: 80,170), laghdú 1.2% ó Dhaonáireamh 2011, codarsnacht shuntasach le leathnú foriomlán an daonra ar leibhéal náisiúnta. Tá an daonra scaipthe go spásúil: tá 61 lonnaíocht de 100 + duine ann ach níl ach dhá bhaile le daonra os cionn 5,000 ... Is é meánaois daoine sa chontae 38.5 bliain, suas beagán ar an mheán náisiúnta 37.4 ” (Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí 2018 -2020, lch.3)

Tá an dara cóimheas spleáchais is airde ag an Chontae in Éirinn .i. 56.9% i gcomparáid le 49.3%. ²⁴

4.2 Tá seirbhís FET ETB Dhún na nGall ag obair chun timpeallachtaí foghlama níos cuimsithí, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chruthú. Díríonn Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí ETB Dhún na nGall (2018-2020)²⁵ aird ar an fhíríc nár cuireadh oideachas ar 21.9% de dhaoine 15 bliana d’aois agus níos sine i nDún na nGall thar leibhéal bunscoile. Tá an ráta iontrála is ísle sa stát ag Dún na nGall, agus ag Laois, go hoideachas 3^ú leibhéal (41% i gcomparáid leis an mheán náisiúnta de 51%). De réir Suirbhé ar an Lucht Oibre (2019) i Ráithe 2 bhí an ráta dífhostaíochta i nDún na nGall ag 5.1% i gcomparáid leis an Stát 5.4%.

Labour Force Survey (LFS)

Quarter 2 2019

Indicator	Quarter 2 2019	Annual change
Employed	2,300,000	+45,000
Unemployed	130,800	-13,600
In labour force	2,430,800	+31,400
Not in labour force	1,481,800	+32,900

Foinse: Rúnaíocht Chomhpháirtíocht an Iarthuaiscirt arna sholáthar ag Comhairle Contae Dhún na nGall

4.3 Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB) an soláthraí oideachais agus oiliúna is mó i gContae Dhún na nGall; soláthraíonn sé réimse leathan seirbhísí oideachais agus oiliúna do thart ar 25,000 mac léinn agus foghlaimoir aosach ar bhonn bliantúil. Is é an misean:

“Oideachas agus oiliúint inrochtana agus uilechuimsitheach a chur chun cinn, a sholáthar agus tacú leis, oideachas a chuireann ar chumas daoine óga agus aosaigh iad féin a chumhachtú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach i dtimpeallacht shábháilte chomhbhách)²⁶.

4.4 Forbraíodh an Ráiteas Straitéise (*Lean ar Aghaidh*, 2017-2021)²⁷ i gcomhairle le réimse leathan príomhpháirtithe leasmhara. Faoi Alt 27 den *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna* (2013) tugtar treoir do gach ETB Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird. Tá an Bord freagrach faoi láthair as bainistíocht a dhéanamh ar: 15 iar-bhunscoil (5 acu ina nGaelcholáistí); 17 Ionad Breisoideachais & Oiliúna (FET) (lena n-áirítear 2 Ionad Oiliúna; 1 Ionad Oideachais Ceoil; 1 Ionad Oideachais Allamuigh; agus 6 Ionad Cumasóige). De thairbhe go bhfuil an daonra chomh scaipthe sin, tá fócas láidir ar sholáthar for-rochtana pobalbhunaithe chun rochtain foghlaimoirí ar fud an chontae a éascú. Tá Meabhrán Comhthuisceana (MoU) ag an ETB le hInstitiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LyIT)²⁸, an t-aon soláthraí ardoideachais sa chontae. Tá comhaontuithe comhpháirtíochta MoU ann fosta le hOllscoil Uladh, Coláiste Réigiúnach an Iarthuaiscirt, agus le LyIT faoi Chomhpháirtíocht Ghrúpa Straitéiseach an Iarthuaiscirt²⁹.

4.5 Is é fíis ETB Dhún na nGall do FET:

“Seirbhís oideachais agus oiliúna foghlaimeoirí ar ardchaighdeán a chur ar fáil”³⁰

Baineann an tseirbhís FET é sin amach trí réimse teastas aitheanta a bhronnadh ar chéimithe lena n-áirítear Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus réimse dámhachtainí atá aitheanta ag an tionscal mar shampla: *Microsoft, City & Guilds, ITEC, BIM* (Bord Iascaigh Mhara) agus *Cumann Surfála na hÉireann*.


4.6 Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i leith oideachas iar-bhunscoile agus oideachas gaolmhar agus ag SOLAS i leith FET. Tá go leor de na cláir FET cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann mar chuid de chlár Chiste Sóisialta na hEorpa um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020.³¹

4.7 Ar fud Dhún na nGall, tairgtear soláthar QQI Leibhéal 1 - 6 lánaimseartha agus/nó páirtaimseartha den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) i 17 suíomh geografacha éagsúla ar a laghad. Treisíonn sé sin próifíl éagsúil an fhoghlaimeora ar fud FET, le go leor ag baint leasa as cúrsaí ar bhonn páirtaimseartha, go minic um thráthnóna nó trí acmhainní ar líne. Bliain amháin a mhaireann cúrsa breisoideachais agus oiliúna, ar a mhéad, cé go bhfuil rogha dhá bhliain ag soláthar áirithe le dámhachtain ar leith ag deireadh gach bliana. Ciallaíonn sé sin gur gnách nach mbíonn rannpháirtíocht le soláthraithe chomh fadtéarmach sin i gcomparáid le hardoideachas, mar shampla, ach tá sé de nós ag foghlaimeoirí sa chóras sin tabhairt faoi níos mó ná cúrsa amháin, laistigh den bhliain chéanna in amanna.

4.8 In 2018, thacaigh soláthar FET i nDún na nGall le níos mó ná 11,000 tairbhí lena n-áirítear cláir agus seirbhísí a chuimsíonn: litearthacht d'osaigh, printíseachtaí, foghlaim obairbhunaithe le fostóir, oideachas agus oiliúint dóibh siúd atá dífhostaithe, faoi mhíchumas agus/nó le riachtanais speisialta oideachais, agus Cumasóige³² an clár luathfhágála scoile. Bhí beagnach leath na gclár agus na seirbhísí in oideachas pobail.

“Caithfear FET a fhorbairt agus leanúint le freastal ar riachtanais an gheilleagair agus na sochaí - caithfear deis a bheith ann ionchur FET a mhéadú ionas go mbeidh córas oideachais níos comhoibrithe agus níos comhtháite ann. Téamaí maidir le hionchuimsiú: tacaíocht chomhsheasmhach d'fhoghlaimeoirí; FET a leabú sa phobal; díriú ar chohóirt tosaíochta; tacaíocht litearthachta agus uimhearthachta. Conairí chuig/ó: Scoileanna le FET; laistigh de FET; chuig agus ó HE; agus conairí ar feadh an tsaoil.” SOLAS

4.9 Tá timpeall 271 ball foirne fostaithe ina soláthar FET, lena n-áirítear 186 oide/múinteoir/teagascóir agus 36 ball foirne cláir (Féach Fíor 1 thíos). I measc roinnt samplaí de théamaí beartais atá dúshlánach a chur i bhfeidhm tá, mar shampla, SEND/Míchumas; beartais maidir le Taistealaithe agus na Romaigh. I nDún na nGall, áirítear orthu sin agus cohóirt tosaíochta spriocdhírithe eile: imircigh/dídeanaithe; daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach; daoine óga atá dífhostaithe (NEETanna); daoine nach bhfuil mórán cáilíochtaí acu; mná atá ag filleadh ar an fhórsa saothair; tuismitheoirí aonair; daoine scothaosta; iad siúd ó theaghlach gan obair; agus oibrithe leochaileacha atá 'i mbaol' iomarcaíochta. Tá rath an tionscadail ag brath go mór ar na páirtithe leasmhara ag obair i gcomhpháirtíocht lena chéile. Cuimsíonn sé sin dlúthnaisc oibre le heagraíochtaí pobail, príobháideacha, reachtúla agus deonacha. Is dócha go mbeidh tionchar breise ag tionchair shóisialta agus eacnamaíocha Covid-2019 le déanaí ar ghrúpaí tosaíochta sa todhchaí.



Figiúr 1: Struchtúr Foirne ETB Dhún na nGall, Feabhra 2020

5. Seirbhísí Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí FET ETB Dhún na nGall

5.1 Tá féiniúlacht láidir branda ag ETB Dhún na nGall. Is léir go bhfuil foghlaimeoirí suite i gcroílár obair na seirbhíse. Ar leibhéal náisiúnta, tá meas mór acu siúd a ghlac páirt sa taighde ar sheirbhís FET ETB Dhún na nGall. Tairgeann ETB Dhún na nGall dul chun cinn chuig cúrsaí fostaíochta agus/nó céime in institiúidí tríú leibhéal a sholáthraíonn réimse leathan cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha, treoir d'fhoghlaimeoirí fásta, printiseachtaí, oideachas bunata, tacaíocht oideachais pobail, *Cumasóige* (do luathfhágálaithe scoile) agus seirbhísí d'fhostóirí. Feidhmíonn sé ó 17 n-ionad ar fud an chontae.

5.2 Is é a mhisean:

‘Oideachas agus oiliúint inrochtana agus uileghabhálach a chur chun cinn, a chur ar fáil agus tacú leis, rud a chumasaíonn daoine óga agus daoine fásta barr a gcumais a bhaint amach i dtimpeallacht shábháilte agus chomhbhách’. (ETB Dhún na nGall)

Tá an obair chomhpháirtíochta ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil seanbhunaithe. Tá deiseanna ann do naisc oibre níos dlúithe le comhlachtaí náisiúnta dea-chleachtas a roinnt agus dúbailt iarrachta a sheachaint, mar shampla, NALA - go háirithe maidir le haitheantas réamhfhoghlama (RPL) agus forbairtí gaolmhara ar líne, NCGE - go háirithe maidir le treoir chianda agus córais faisnéise bainistíochta treorach d'aosaigh (MIS) amach anseo, agus Aontas - go háirithe maidir le cur le Plean Straitéiseach 2019-2022 agus forbairtí oideachais pobail i nDún na nGall.

5.3 I mí Feabhra 2020, thionóil seirbhís FET ETB Dhún na nGall fóram dar teideal ‘*Guth na Mac Léinn*’. Chuir an ócáid sin lenar baineadh amach ag na fóraim roimhe sin a eagraíodh i gcomhar le AONTAS agus

NALA agus bhí mic léinn ó gach cuid dá sholáthar oideachais agus oiliúna páirteach ann. Dearadh na gníomhaíochtaí ar an lá go sonrach chun fianaise a sholáthar le haghaidh féinmheastóireachta. Bhí freagairt na mac léinn go hiontach mar d'fhreastail díreach os cionn 80% (105) den 130 mac léinn ar tugadh cuireadh dóibh ar an ócáid, ag déanamh ionadaíochta don réimse iomlán soláthair. Bhí foireann an chlár páirteach sa phlé a stiúradh ag deich dtábla de ghrúpaí foghlaimeoirí ó gach clár éagsúil.

Tugadh cuireadh do mhic léinn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a dearadh chun a dtuairimí a ghabháil agus ghlac siad páirt go fuinniúil sna gníomhaíochtaí dea-dheartha a bhailigh a dtuairimí ar: teagasc agus foghlaim; acmhainní agus timpeallacht foghlama (lena n-áirítear smaointe maidir le mol ar líne ETB Dhún na nGall); cúram tréadach; tacaíocht do mhic léinn; beartas maidir le guth/tuairimí na mac léinn; cairt na mac léinn; taithí oibre; dúshlán agus deiseanna. Chuir gach grúpa béim ar ghnéithe dearfacha de na seirbhísí tacaíochta foghlama, lena n-áirítear ranganna beaga, piarthacaíocht, comhairleoireacht, an tacaíocht a fuair siad óna gcuid teagascóirí.

Bhain tuairimí nach raibh chomh dearfach sin le heaspa measúnuithe tosaigh agus le tacaíocht easnamhach do dhaoine a bhfuil disléicse orthu. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh na láidreachtaí agus na gnéithe nach raibh chomh dearfach sin ag teach salach ar a chéile go minic, bunaithe ar eispéiris na mac léinn aonair. Tugadh faoi deara go bhfuil eiseamláir de chomhairle mac léinn ag *Cumasóige* a bhfuil glacadh maith léi agus a bhaineann leis an chlár sin amháin. Bhí áthas ar roinnt mac léinn gur tairgeadh 300 uair an chloig de thaithí oibre dóibh, ach ní raibh sé sin indéanta do roinnt mac léinn eile mar gheall ar an áit a bhfuil siad lonnaithe agus/nó d'fhéadfadh go mbeadh níos lú uaireanta an chloig i gceist leis an chlár staidéir. Bhí difear le fáil sa rochtain a bhí ag mic léinn ar threoir fosta ag brath ar an mhaoiniú a fuair cúrsaí áirithe.

Bunaithe ar agallaimh le páirtithe leasmhara seachtracha, fuair muid amach go bhfuil meas mór acu ar sholáthar FET ETB Dhún na nGall agus ar thacaíocht d'fhoghlaimeoirí. Léiríonn an tseirbhís tiomantas do ghuthanna/thuairimí foghlaimeoirí a ghabháil agus spreagtar baill foirne chun léirmheastóireacht chuiditheach a thabhairt. Díríonn an tseirbhís go mór ar fhoghlaimeoirí.

"Tugtar cumhacht d'fhoghlaimeoirí trí ghuth an fhoghlaimeora - agus éistear leo. D'aithin ETB Dhún na nGall go bhfuil gá le hoiliúint d'fhoireann a thacaíonn le daoine le saincheisteanna meabhairshláinte - agus tá clár FGL á chur i bhfeidhm acu." SOLAS

Cé go bhfuil go leor láidreachtaí sna socruithe reatha, d'aithin muid réimsí breise le haghaidh forbartha le cur le timthriall feabhsúcháin leanúnach an FET. Mar shampla, cé go leanann soláthar tacaíochta foghlama ag feabhsú, d'aithin baill foirne go dteastaíonn níos mó oiliúna uathu faoi uathachas agus riachtanais speisialta oideachais eile, lena n-áirítear na próisis tacaíochta do na foghlaimeoirí sin, cén teanga le húsáid srl. D'aithin foireann na Seirbhísí Oiliúna bearna sa tacaíocht d'fhoghlaimeoirí maidir le saincheisteanna meabhairshláinte. Bhraith siad fosta nach bhfuil aon phearsanra ar fáil atá oilte chun déileáil le foghlaimeoirí le saincheisteanna a bhaineann le drugaí agus alcól agus ba mhór acu treoirínte agus oiliúint a fháil ina leith sin. Is féidir le litearthacht agus uimhearthacht a bheith ina mbacainn shuntasach d'fhoghlaimeoirí fosta. Tá easpa saineolais ann chun tacú le daoine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu - m.sh. ADHA, uathachas, disléicse srl.

5.4 Cuimsíonn Foireann Seirbhíse Treorach FET ETB Dhún na nGall 4 phost coibhéise lánaimseartha a sholáthraíonn treoir/comhairleoireacht do mhic léinn ar chlár roghnaithe. Tá 3.5 FTEanna ar an fhoireann faoi láthair. Tacaíonn Oifigeach Faisnéise lánaimseartha atá lonnaithe i Leitir Ceanainn leo. Tá ardoiliúint

agus taithí ag na treoirchomhairleoirí uilig - cáilithe go leibhéal 9 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). Tacaíonn an fhoireann le foghlaimeoirí sna cúinsí seo a leanas: *An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas* (BTEI) agus *Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme* (VTOS), iad siúd atá ag freastal ar ghrúpaí oideachais pobail agus litearthachta, agus an pobal i gcoitinne (18+ mbliana d'aois). Soláthraíonn an fhoireann seisiúin ionductaithe agus gníomhaíonn siad mar éascaitheoirí do ghrúpaí atá ag ullmhú don chéad chéim eile trí bhréagagallaimh agus scileanna réamhfhostaíochta eile a sholáthar. Cuireann siad seirbhís theoranta ar fáil fosta do chéimithe atá ag smaoineamh ar fhilleadh ar an staidéar.

5.5 Tá meas mór ag comhghleacaithe agus foghlaimeoirí ar an fhoireann seirbhíse Treoirchomhairleoireachta, go háirithe toisc go bhfuil a dtreoirchomhairleoireacht neamhchlaonta. Soláthraíonn siad seirbhís leathan ar fud fhormhór na gclár; níl treoirchomhairleoireacht ar fáil i ngach clár, áfach. Is mór ag baill foirne agus foghlaimeoirí an ETB a gcuid seirbhísí. Tá an fhoireann ardoilte agus úsáideann siad a gcuid eolais áitiúil go héifeachtach chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'foghlaimeoirí féideartha agus reatha. Dar leis na treoirchomhairleoirí ar cuireadh agallamh orthu is é a ról faisnéis a sholáthar ar chonairí gairme, ag cur ar chumas daoine áitiúla eolas a fháil faoi oideachas 'dara seans' agus rochtain a fháil air. Soláthraíonn siad cúram tréadach agus comhairleoireacht túsline ina n-aonair agus i ngrúpaí. Feiceann siad iad féin mar:

"I 'lár dhamhánléaráid ETB' tá naisc aige le heochaireilimintí FET sa Chontae."

Cad a oibríonn go maith

Eagraíonn an tseirbhís treorach aontáí gairme agus forbraíonn sí réamheolaire ETB Dhún na nGall agus is cuid lárnach í d'earcaíocht cúrsaí agus don straitéis treorach. Déanann baill foirne cur síos ar a gcur chuige mar aithne a chur ar na daoine lena n-oibríonn siad, 'ó leibhéal pearsanta' ionas gur féidir leo tacú leo na scileanna agus an tuiscint ar an dóigh le tacú leo féin a fhorbairt. Cuireann siad gníomhaireachtaí seachtracha chun cinn fosta dá bhfoghlaimeoirí a dteastaíonn saintacaíocht uathu, gníomhaireachtaí a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas, le daoine a bhfuil saincheisteanna meabhairshláinte nó riachtanais chóiríochta agus iompair srl acu. Feiceann siad gurb é ceann de na buntáistí iomadúla a bhaineann le treoir ná an chomhairle neamhchlaonta (féideartha) a fhaigheann foghlaimeoirí, ionas gur féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh faoin chonair is oiriúnaí. Feabhsaíonn na rátaí coinneála foriomlána toisc go soláthraíonn siad tacaíocht agus atreoruithe a chuidíonn le foghlaimeoirí fanacht ar a gcúrsaí agus a gcuid cúrsaí a chríochnú.

Tá meicníochtaí atreoraithe agus tacaíochta dea-fhorbartha ag Seirbhís Treorach FET ETB Dhún na nGall le páirtithe leasmhara oideachais, oiliúna agus margaidh saothair, chomh maith le réimse seirbhísí sóisialta agus síceolaíochta chun tacú le speictream leathan cliant. Tugann ár dtaighde le fios go bhfuil meas mór ag go leor ball foirne agus foghlaimeoirí ar an tseirbhís. Tá an fhoireann ardoilte agus úsáideann siad a gcuid eolais áitiúil go héifeachtach chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'foghlaimeoirí féideartha agus reatha:

"Tá an treoir d'aosaigh i nDún na nGall ar fheabhas; tá an fhoireann soiléir faoina ról agus tá tiomantas agus taithí acu le fada an lá. Bíonn siad páirteach sna hiarrachtaí a dhéantar le heolas a dhéanamh don chleachtas." (NCGE)

Rachaidh infheistíocht níos mó i seirbhísí treorach agus leathnú orthu chun leasa níos mó foirne, mac léinn agus mic léinn fhéideartha.

Bearnaí/Easnaimh

Tá an-éileamh ó bhaill foirne agus ó mhic léinn ar thacaíocht treoirchomhairleoireachta ach tá na hacmhainní cuí teoranta faoi láthair. Laistigh de na seirbhísí treoirchomhairleoireachta, b'fhéidir go mbeadh aird bhreise ag teastáil ó thaobh inscne agus éagsúlacht eitneach de in aon bhabhta earcaíochta amach anseo. Rachaidh infheistíocht níos mó i seirbhísí teorach agus leathnú orthu chun leasa níos mó foirne, mac léinn agus mic léinn fhéideartha. Chruthaigh ETB Luimnigh agus an Chláir a mbeartais féin maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí lena n-áirítear treoir a chruthaigh straitéis Faisnéise, Teorach agus Earcaíochta. Laistigh agus lasmuigh de Dhún na nGall, tuairiscítear go bhfuil ábhar imní ann go bhféadfadh neamhchlaontacht a bheith i mbaol. B'fhéidir go gcaithfear céimeanna a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an imní sin. Faoi láthair, níl aon bheartas náisiúnta ann maidir leis sin. Cuireann fianaise ó thaighde idirnáisiúnta béim ar an teannas a bhaineann le faisnéis, comhairle agus treoir a chónascadh le mic léinn a earcú ar chlár.

Seirbhísí Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí FET ETB Dhún na nGall - Cás-Staidéar: Síceolaí Oideachais

Ó Mheán Fómhair 2010, d'fhostaigh ETB Dhún na nGall Síceolaí Oideachais Sinsearach lánaimseartha. Is socrú uathúil é sin a sholáthraíonn tacaíocht chomhoibritheach do mhic léinn, d'fhoghlaimeoirí, don fhoireann agus do thuismitheoirí i scoileanna, in ionaid Chumasóige agus ar chúrsaí Oideachais Aosaigh. Faoi láthair, faigheann seacht scoil (ceithre cinn acu a bhfuil stádas *Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh* (DEIS) acu) agus cúig ionad Cumasóige tacaíocht shíceolaíoch ó ETB Dhún na nGall go heisiach. Tá aonaid Uathachais (ASD) ghaolmhara ag gach scoil.

Is éard atá i gceist le príomhréimsí cleachtais tacaíocht a sholáthar do dhaoine óga agus d'fhoghlaimeoirí níos aibí maidir le riachtanais speisialta oideachais, iompar dúshlánach agus deacrachtaí sóisialta agus mothúchánacha. Déantar go leor obair chomhairliúcháin le béim ar phleananna oideachais a fhorbairt agus a athbhreithniú, dul i mbun obair ghrúpa agus forbairt beartais a éascú i réimsí mar phleanáil theagmhach 'eachtra chriticiúil' agus measúnú struchtúrtha don fhoghlaím. Éilíonn go leor den obair líonrú breise le seirbhísí sláinte agus eile agus comhoibriú i scoileanna leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus seirbhísí ón Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus TUSLA.

Laistigh de sheirbhísí sláinte poiblí agus cúraim shóisialta (FSS), cothaíodh dlúthchaidrimh oibre le Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, le Síceolaíocht Chliniciúil agus leis an chlár JIGSAW. Sa chás go ndéantar obair mheasúnaithe aonair, tá sé mar aidhm aici tacú go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil le thuismitheoirí trí sheisiúin faisnéise réamh-mheasúnaithe ghairmiúla agus aiseolas iar-mheasúnaithe a sholáthar mar aon le moltaí maidir le riachtanais daoine óga atreoraithe. Cuirtear forbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus tacaíocht neamhfhoirmiúil ar fáil go díreach do bhaill foirne sna hionaid agus sna scoileanna lena n-áirítear:

- *Comhairliúchán agus oiliúint ar nósanna imeachta* maidir le measúnú foirmiúil agus foghlaimeoirí aonair a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu a aithint; Pleananna Tacaíochta do Mhic Léinn a fhorbairt agus beartas agus plean Teagmhas Criticiúil a fhorbairt agus a fheidhmiú, ag obair go dlúth le bainisteoirí chlár Bhreisoideachais agus Oiliúna ETB Dhún na nGall.
- *Comhairliúchán agus tacaíocht agus oiliúint* a sholáthar do bhaill foirne ábhartha maidir le beartais a fhorbairt i leith ionchuimsithe agus daltaí a bhfuil Riachtanais Oideachais Bhreise acu agus maidir le baill foirne ábhartha maidir le Cóiríocht Réasúnta le haghaidh Scrúduithe agus Measúnú Leanúnach.

I measc réimse leathan gníomhaíochtaí tacaíochta breise tá ionchur maidir le dearbhú cáilíochta, oiliúint, caidrimh sheachtracha a fhorbairt agus obair choiste. Is cúis imní é do roinnt ball foirne an easpa

maoirseachta ar chur chuige scagtha agus diagnóiseacha. Dá bhrí sin, chuideodh Síceolaí Oideachais eile le saincheistanna rochtana agus cothromais a fheabhsú.

5.6 Cuimsíonn soláthar FET ETB Dhún na nGall cláir ó Leibhéil 1-6 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí - féach thall.



5.7 Cuimsíonn achoimre ghairid ar chlár seachadta FET Dhún na nGall FET (2018-2019):

An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) (597 tairbhí)	Cumasóige (160 tairbhí)
Oideachas Bunata ar a dtugtar <i>Ag Foghlaim don Saol</i> fosta (2,886 tairbhí)	Oideachas Pobail (4,197 tairbhí)
Seirbhísí Oiliúna .i. printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, oiliúint i sainscileanna agus soláthraithe sainoiliúna (933)	Cláir san Ionad Oibre/Tráthnóna (218 tairbhí)
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme (SDOG) (180 tairbhí)	Clár Iar-Ardteistiméireachta (PLC) (185 tairbhí)

Soláthraíonn muid thíos cur síos gairid ar ábhar agus ar sholáthar tacaíochta d'fhoghlaimeoirí, ar a n-oibríonn go maith agus bearnaí/easnamh bunaithe ar fhianaise a thug baill foirne agus bainisteoirí le linn seisiúin ghrúpa, glaonna leantacha agus/nó ríomhphoist, chomh maith le torthaí ábhartha ó léirbhreithniú ar an litríocht. Tugann muid breac-chuntas fosta ar roinnt samplaí de chlár mhaoinithe TACA agus an Líonra Náisiúnta Foghlama mar shamplaí de chlár ETB Dhún na nGall do dhaoine aonair a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus/nó míchumais acu (SEND).

Cuireann an clár *An Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (BTEI)* cúrsaí páirtaimseartha breisoideachais ar fáil dóibh siúd atá 18 mbliana d'aois nó níos sine. Tugann sé deis do dhaoine aonair an fhoghlaim a chomhcheangal le freagrachtaí teaghlaigh, oibre agus eile. Is féidir le duine ar bith a d'fhág oideachas lánaimseartha páirt a ghlacadh i gcúrsa, ach tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil níos lú ná oideachas dara leibhéal uachtarach acu. Cuireann BTEI réimse cúrsaí oideachais agus oiliúna ar fáil ag Leibhéil NFQ 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí; maireann na cúrsaí idir sé mhí agus dhá bhliain ag brath ar an chlár. Cuirtear gach cúrsa ar fáil sna hionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna agus i gcomhar leis an Chlár Oideachais Pobail sa phobal.

Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a chur ar fáil: Tá treoir d'fhoghlaimeoirí BTEI ar fáil do ghrúpaí agus do dhaoine aonair ag na hionaid ETB. Oibríonn an fhoireann teorach go maith leis na foghlaimeoirí chun an cúrsa is

oiriúnaí a aithint. Úsáidtear seiceálaí scileanna chun riachtanais litearthachta nó tacaíochta uimhreach, deacrachtaí foghlama nó aon bhearna foghlama a aithint. Socraíonn foireann BTEI tacaíocht chuí, a d'fhéadfadh a bheith ina ghearrchúrsa - .i. chun straitéisí chun déileáil le rudaí a chlúdach. Tá 'boscaí disléicse' ann .i. le forleagan daite agus acmhainní eile chun tacú le foghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu. Faigheann gach ball foirne túslíne oiliúint i seirbhís do chustaiméirí, lena n-áirítear na feidhlithe.

Cad a oibríonn go maith

Faigheann foghlaimeoirí BTEI Dhún na nGall treoirchomhairleoireacht thosaigh mhaith le cur ar a gcumas dul ar an chúrsa is oiriúnaí. Faigheann siad leibhéil arda tacaíochta leanúnacha fosta, cé nach bhfaigheann múinteoirí/teagascóirí dóthain faisnéise roimh ré faoi riachtanais tacaíochta d'fhoghlaimeoirí. Cuidíonn ionduchtú ginearálta ó oibrí tacaíochta foghlaimeoirí BTEI agus baill foirne eile le comhpháirteanna an chúrsa d'fhoghlaimeoirí a bhriseadh síos ionas go dtuigfidh siad a bhfuil le déanamh acu chun an cháiliócht agus aidhmeanna an chúrsa a bhaint amach. Faigheann siad tacaíocht le saincheisteanna sláinte pearsanta mar shampla titimeas agus plúchadh. Bhí teagascóir seachtrach i gceannas ar chúrsaí garchabhrach do thart ar 30 ball foirne agus foghlaimeoir le déanaí a chuir ar chumas na rannpháirtithe uilig scileanna praiticiúla nua a fhorbairt don bhaile agus don obair. Mar thoradh ar an chúrsa sin, mar shampla, d'fhoghlaim foghlaimeoir amháin go raibh ailléirge cnó tromchúiseach uirthi.

Bearnaí/easnaimh

I roinnt cásanna, ní mór don fhoireann riachtanais bhreise foghlama agus tacaíochta foghlaimeoirí a aithint de réir mar a fhorbraíonn an cúrsa, cé go bhfuil siad ag tosú ag úsáid an chórais WRAT 5³³ chun cabhrú leis an fhoireann riachtanais tacaíochta foghlaimeoirí a aithint. Úsáidtear WRAT 5 sa chlár BTEI (agus i gclár eile lasmuigh de Chumasóige) chun an gá atá le socrú réasúnta sa Mheasúnú a léiriú. Ní bheidh mór-riachtanais tacaíochta foghlaimeoirí soiléir trí uirlis WRAT 5 a úsáid. Is cosúil go bhfuil éagsúlacht i gceist maidir le cé chomh hoilte agus atá gach áisitheoir ag úsáid WRAT 5 de réir caighdeáin náisiúnta. Dar leis an fhoireann go bhféadfadh foghlaimeoirí áirithe imeacht in amanna mar gheall ar an tréimhse ama a bhaineann le WRAT toisc nach sainaithnítear a gcuid riachtanas breise tacaíochta foghlama luath go leor. Dar leo fosta gur chóir go mbeadh seirbhís tacaíochta foghlama i ngach ionad, ar bhonn *pro-rata* de réir líon na mac léinn agus go mbraitheann tacaíocht phearsanta an iomarca ar dhea-thoil na foirne go minic.

Oideachas Bunata - seirbhís oideachais bunata d'aoisigh ETB Dhún na nGall is ea Ag Foghlaim don Saol. Cuireann sé teagasc ar fáil do dhaoine fásta ar gá dóibh bunscoilanna láidre a fhorbairt sa léitheoireacht, sa scríbhneoireacht, sa litriú, sa mhatamaitic, san uimhearthacht agus sna ríomhairí. Is do dhídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn an soláthar i mBéarla do chainteoirí teangacha eile (ESOL). Cuireann an clár foghlaim ar fáil atá curtha in oiriúint do riachtanais gach mac léinn i dtimpeallacht thacúil chairdiúil. Is féidir cúrsaí a chreidiúnú trí dhámhachtainí móra agus mionghradam QQI ó Leibhéal 1 go Leibhéal 3. Is gearrchúrsaí iad cúrsaí neamh-chreidiúnaithe atá deartha chun freastal ar riachtanais oiliúna ar leith. Tá ranganna saor in aisce agus de ghnáth bíonn siad ar siúl dhá go sé huaire an chloig sa tseachtain.

Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a chur ar fáil: Chuir baill foirne ar cuireadh agallamh orthu agus a oibríonn sa soláthar sin in iúl go mbíonn claonadh ag an 50 go 60 teagascóir tacaíocht foghlama a sholáthar mar chuid dá ról ach go minic lasmuigh dá n-uaireanta teagaisc. Tugann treoirchomhairleoir cuairt ar ranganna le cur i láthair a dhéanamh don ghrúpa. Soláthraíonn siad seisiúin aonair fosta ar scileanna infhostaitheachta, cé nach bhfuil mórán ama sna ranganna chun treoir sheachtrach a fháil. Ina áit sin téann na teagascóirí as a

mbealach chun cabhrú le daoine ar na chéad chéimeanna dá dturas. Tagann atreoruithe chuig *Ag Foghlaim don Saol* ó bhéal, seirbhís treorach, seirbhísí sóisialta agus grúpaí pobail. Is é an t-oideachas pobail an 'comhsholáthar', a fheidhmíonn go minic ó na hionaid chéanna. Molann cion ard foghlaimeoirí an soláthar do theaghlaigh, do chairde agus do lucht aitheantais.

Úsáidtear measúnú tosaigh den chuid is mó lena chinntiú go bhfuil foghlaimeoirí sa rang is oiriúnaí dá leibhéal scileanna reatha. De ghnáth bíonn sé mar aidhm ag cúrsaí ag leibhéal 1 agus 2 tacú le foghlaimeoirí lena gcuid spéiseanna, lena gcaitheamh aimsire agus lena saol laethúil. De ghnáth déantar dul chun cinn gairme i ndiaidh leibhéal 3. Is minic a dhéantar scileanna infhostaitheachta a leabú nó a chur i gcomhthéacs sna gníomhaíochtaí teagaisc. Faigheann roinnt foghlaimeoirí deiseanna le haghaidh taithí oibre. Treoraíonn teagascóirí foghlaimeoirí chuig lucht treorach má thagann saincheist úr chun cinn. Mar pháirt den oiliúint agus den fhorbairt foirne le déanaí díriodh ar an dóigh le tacú le foghlaimeoirí a bhfuil saincheisteanna meabhairshláinte acu. Thug muid faoi deara nach mbaintear an-úsáid as an tSeirbhís Treorach sa chomhthéacs sin, cé go gcomhlíonann teagascóirí leibhéal arda riachtanas mac léinn, go minic ina gcuid ama féin.

Cad a oibríonn go maith

Tá tiomantas láidir agus inrochtaineacht ag teagascóirí agus ag baill foirne tacaíochta chun an timpeallacht dhearfach foghlama atá forleithne ar fud an tsoláthair sin a chruthú. Tá tacaíocht dheonach ar fáil dóibh siúd nach bhfuil sásta dul isteach i rang go dtí go mbeidh muinín leordhóthanach acu. Tá na teagascóirí tiomanta do thacaíocht a thabhairt dá bhfoghlaimeoirí. Toisc nach féidir leo an iomarca ama a chaitheamh ag soláthar cúram pearsanta nó trádach do dhaoine aonair in am seisiúin, déanann siad é sin lasmuigh d'uaireanta ranga. D'fhéadfadh saincheisteanna pearsanta a bheith ag cohóirt shonracha foghlaimeoirí a dteastaíonn tacaíochtaí eile uathu. Is féidir leis na saincheisteanna sin tionchar a bheith acu ar a gcuid foghlama, meabhairshláinte agus folláine. Cé go dtéann sé sin chun leasa na bhfoghlaimeoirí, d'aithin an fhoireann go bhféadfadh sé sin a bheith dúshlánach dóibh. Baineann foghlaimeoirí leas as réimse maith gníomhaíochtaí agus turas lae a shaibhríonn a gcuid foghlama agus forbartha.

Bearnaí/easnaimh

Thug agallaithe ón chlár *Ag Foghlaim don Saol* le fios nach bhfuil deiseanna acu 'faoiseamh a fháil' agus iad ag déileáil le saincheisteanna mothúchána agus pearsanta atá ag roinnt foghlaimeoirí. Braitheann siad fosta go gcaithfear a bheith in ann roinnt foghlaimeoirí a threorú chuig gníomhaireachtaí tacaíochta agus bhraith siad go mbeadh liosta gníomhaireachtaí agus nósanna imeachta atreoraithe cabhrach. Deir lucht eagraithe *Ag Foghlaim don Saol* go mbíonn siad sáraithe ag obair riaracháin in amanna, rud a chiallaíonn nach féidir leo tacú leis na teagascóirí i gcónaí.

Bhraith na teagascóirí agus na heagraithe fosta go bhfuil gá le tuilleadh faisnéise nuair a thagann foghlaimeoirí isteach sa soláthar. Aontaíodh go bhféadfadh an próiseas clárúcháin faisnéis a sholáthar do na teagascóirí faoina bhfoghlaimeoirí úra roimh an chéad seisiún ionas go mbeadh sonraí pearsanta ábhartha acu. Ceann de na hábhair imní ba choitianta don fhoireann a cuireadh faoi agallamh ná nach léiríonn na spriocanna cáilíochta forbairt phearsanta agus shóisialta na bhfoghlaimeoirí i gcónaí, ionas gur féidir leo na cláir a fhágáil gan taifead cruinn ar a ndul chun cinn.

Cuimsíonn seirbhísí oiliúna Printíseachtaí, Cúrsaí Oiliúna (lena n-áirítear seirbhísí ar conradh), Oiliúint i Sainscileanna, Oiliúint Tráthnóna, Soláthar Sainoiliúna agus Oiliúint i Scileanna le Dul Chun Cinn - *Is éard atá i bPrintíseacht clár oideachais agus oiliúna struchtúrtha a chomhcheanglaíonn agus a mheascann foghlaim san ionad oibre go foirmiúil le foghlaim in ionad oiliúna nó in Institiúid Teicneolaíochta. Is déchóras atá ann, ar meascán cumaisc é d'oiliúint ar an láthair oibre, fostóirbhunaithe agus oiliúint ar shiúl ón láthair oibre, rud a ullmhaíonn an rannpháirtí le haghaidh post ar leith, a bhfuil cáilíocht atá aitheanta go náisiúnta ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí ó Leibhéal 5 – Leibhéal 10 mar thoradh air. Tuilleann printísigh agus iad ag foghlaim agus forbraíonn siad scileanna luachmhara oibre i ngairm atá roghnaithe acu.*

Seachadann ETB Dhún na nGall gné Chéim 2 do na printíseachtaí ceardaíochta réamh-2016 seo a leanas: Printíseachtaí sna réimsí seo a leanas amháin: Mótarmheicnic, Leictreach, Córais Slándála Leictreonacha, Cearpantóireacht, Siúinéireacht agus Pluiméireacht - Toisc gur clár náisiúnta é an phrintíseacht, le seachadadh na gcéimeanna lasmuigh den láthair oibre ag tarlú ar fud roinnt soláthraithe oideachais agus oiliúna atá lonnaithe ar fud na tíre; comhordaíonn SOLAS sceidealú do chéimeanna 2,4 agus 6 de na printíseachtaí ceardaíochta agus cé go seachadann ETB Dhún na nGall roinnt printíseachtaí Chéim 2, féadfar printísigh atá lonnaithe i nDún na nGall a sceidealú chuig láithreacha lasmuigh den chontae do na cúrsaí chéim 2 seo agus gach ceann eile, lena n-áirítear Céimeanna 4 agus 6, de réir an phróisis sceidealaithe printíseachta.

Tacaíocht d'fhoghlaimoirí a chur ar fáil i bPrintíseachtaí

Íocann an fostóir printísigh ar na printíseachtaí ceardaíochta réamh-2016 ag an obair agus iad sna céimeanna ar an láthair oibre agus faigheann siad liúntas ón Stát nuair a bhíonn siad ar na céimeanna oiliúna lasmuigh den láthair oibre. Tugann Comhairleoirí Oiliúna Sinsearach cuairteanna monatóireachta ar fhostóirí chun tacú leis an fhostóir agus leis an phrintíseach ar fud na printíseachta agus chun dul chun cinn an phrintísigh a phlé maidir leis an churaclam agus na measúnuithe, srl. Glacann printísigh atá ag freastal ar Chéim 2 le ETB Dhún na nGall páirt i measúnuithe tosaigh anois chun a fháil amach an bhfuil aon tacaíocht bhreise ag teastáil uathu. Cuirfidh ball foirne eile tacaíocht litearthachta dírithe aonair ar fáil, lena n-áirítear scileanna staidéir dóibh siúd a shainaithnítear laistigh d'ETB Dhún na nGall.

Cad a oibríonn go maith i bprintíseachtaí

Tá rochtain ag printísigh ar Chomhairleoir Sinsearach Oiliúna (CSO) ar féidir leo teagmháil a dhéanamh leis go díreach má tá aon fhadhb acu agus tugann na CSOna cuairteanna ar an láithreán fosta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun tacaíocht agus treoir a thabhairt de réir mar is gá. Buaileann Comhairleoirí Oiliúna Sinsearach le measúnóirí agus meantóirí san ionad oibre agus soláthraíonn siad faisnéis maidir leis an churaclam agus na measúnuithe ar an phost, nuair is cuí. Tá ag éirí go maith leis an speisialtóir tacaíochta foghlama agus leis an tacaíocht bhreise a tugadh isteach i réimsí na matamaitice, na líníochta srl. D'fhorbair foireann ETB Dhún na nGall leabhrán mionsonraithe faisnéise do phrintísigh a cuireadh ar fáil go háitiúil do phrintísigh a fhreastalaíonn ar cheachtar den dá Ionad Oiliúna de chuid ETB Dhún na nGall dá gcéimeanna 22 seachtain lasmuigh den láthair oibre dá bprintíseacht. Clúdaíonn an leabhrán réimse leathan dá gclár oiliúna ó chóiríocht go hiompar; ó chomórtais scileanna go teistiméireachtaí óna bhfostóirí agus ó lascaí áitiúla go saoráidí spóirt. Mar shampla, má imríonn printíseach ar bith spórt m.sh. sacar nó peil Ghaelach lena c(h)lub áitiúil agus más mian leis/léi a leibhéil oiliúna/aclaíochta a choinneáil suas nuair atá siad lonnaithe i nDún na nGall i rith na seachtaine, tá socrú ann le clubanna áitiúla chun é sin a éascú. Tugadh faoi deara go bhfuil feabhas tagtha ar stádas na bprintíseachtaí agus cuidíonn dhá rud leis sin: feachtais sna meáin náisiúnta le déanaí agus gníomhaíochtaí promóisin áitiúla atá ag dul ar

aghaidh i gcónaí. Chuidigh na printíseachtaí úra a seoladh i ndiaidh 2016 a shíneann isteach i ngairmeacha printíseachta neamhthraidisiúnta agus a bhféadfadh teastasú a bheith mar thoradh orthu ó leibhéal QQI 5 - 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí, stádas an mhúnla seachadta printíseachta fhoriomláin a ardú.

Bearnaí / easnaimh

Thuaireascigh baill foirne a bhí ag obair le printísigh agus le fostóirí nár tháinig forbairt leordhóthanach ar na critéir incháilitheachta oideachais do phrintíseachtaí ceardaíochta réamh-2016 chun freastal ar riachtanais fostóirí agus riachtanais an churaclaim i roinnt ceirdeanna. Is é an t-aiseolas ó go leor fostóirí gur mhaith leo go n-ardófaí é ón chaighdeán reatha .i. An Teastas Sóisearach go dtí na Ardteistiméireacht. Tá sé tábhachtach go sásódh na critéir incháilitheachta oideachais riachtanais an churaclaim, go mbeadh siad réalaióch agus go sásódh siad riachtanais na bpáirtithe leasmhara uilig fosta. Tuairiscíodh nach gá go mbeadh na critéir iontrála oideachais mar an gcéanna do gach printíseacht réamh-2016.

Rinne aiseolas ón fhoireann trácht ar an rath a bhí ar an scéim phiólótach .i. ionchur cúraim tréadaigh de chuid na seirbhíse treorach a leathnú chuig ceann de na cúrsaí printíseachta Chéim 2 in ETB Dhún na nGall agus moladh gur chóir é sin a leathnú chuig gach printíseach agus foghlaimoir ar fud an tsoláthair. Is minic go mbíonn printísigh taobh amuigh den chontae ar feadh 22 seachtain le linn Chéim 2. Tá beartais éagsúla ag ETBanna éagsúla agus níl caighdeánú leordhóthanach ann maidir le cuid de na tacaíochtaí atá ar fáil mar thacaíocht do shaincheisteanna meabhairshláinte, tacaíocht teanga dóibh siúd a labhraíonn Béarla mar theanga bhreise, agus tacaíocht litearthachta agus uimhearthachta, srl. más gá.

Tairgeann cúrsaí oiliúna clár oiliúna struchtúrtha a chomhcheanglaíonn foghlaim i suíomh oideachais agus oiliúna agus san ionad oibre agus tá sé mar aidhm aige torthaí fostaíochta a fheabhsú do rannpháirtithe agus coinneáil agus táirgiúlacht laistigh den tionscal a mhéadú. Cuireann cúrsaí oiliúna ar chumas foghlaimoirí scileanna agus eolas ceannródaíoch a fhorbairt ag an obair, rud a fhágann go bhfuil siad níos oilte, níos infhostaithe agus ag feabhsú a gcuid roghanna gairme. Forbraítear cúrsaí oiliúna úra ar bhonn leanúnach thar réimse tionscal agus earnálacha mar fhreagairt ar riachtanais scileanna aitheanta. Féadfaidh na riachtanais iontrála a bheith éagsúil ag brath ar leibhéal an chúrsa agus ar an inniúlacht agus na scileanna atá riachtanach chun é a chríochnú go rathúil. Úsáidtear agallaimh agus uaireanta tástáil inniúlachta i gcásanna áirithe chun rannpháirtithe a roghnú.

Tá cúrsaí Oiliúna i Sainscileanna (SST) deartha chun réimse scileanna a bhaineann le hinfhostaitheacht agus cáilíochtaí gairme foirmiúla a thabhairt d'fhoghlaimoirí a théann isteach sa mhargadh saothair den chéad uair agus do dhaoine ar mian leo scileanna a nuashonrú nó scileanna úra a fhoghlaim. D'fhéadfadh Dámhachtainí ag Leibhéal QQI 3, 4, 5 agus 6 (nó a gcomhionann) agus/nó creidiúnú aitheanta sa tionscal a bheith mar thoradh ar chúrsaí. De ghnáth maireann cúrsaí gearra modúlacha 6 seachtaine agus féadfaidh cúrsaí níos faide a bheith suas le 40 seachtain. Seachadtar formhór na gcúrsaí ar bhonn lánaimseartha i rith na bliana in Ionaid Oiliúna Leitir Ceanainn agus Ghaoth Dobhair agus cuireann soláthraithe ar conradh leis na cúrsaí sin, rud a thugann an tsolúbthacht d'ETB Dhún na nGall freastal ar éilimh earnáil na tionsclaíochta, éilimh atá ag athrú.

Is Tionscnamh é Scileanna le Dul Chun Cinn atá dírithe ar thacú le saol oibre na ndaoine agus le fás na fiontraíochta in Éirinn. Tá sé mar aidhm ag an bheartas sin forbairt scileanna a thairiscint trí oiliúint dheimhnithe d'fhostaithe leochaileacha a bhfuil a leibhéal scileanna faoi leibhéal 5 ar an NFQ. Go háirithe, díríonn sé ar na fostaithe ísealoilte, iad siúd atá i mbaol díláithrithe agus iad siúd atá os cionn 50 bliain d'aois.

Oibríonn Oifigeach Rannpháirtíochta Fostaíochta le fostóirí chun a gcuid riachtanas a phróifiliú. Ag obair den chuid is mó le FBManna, agus le roinnt fostóirí móra, is é an aidhm atá aige/aici cuidiú leo a bhfoireann a fhás agus a fhorbairt.

Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a chur ar fáil i gcúrsaí oiliúna - Is é an ról atá ag Oifigeach Earcaíochta an ETB na cláir lánaimseartha laistigh de Sheirbhísí Oiliúna seachas Printíseachtaí a chur chun cinn, na hagallaimh agus an earcaíocht chuí a dhéanamh dóibh.

Is éard atá i gceist le ról Oifigeach Oiliúna ar Conradh ETB Dhún na nGall ná monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an soláthar oiliúna ar conradh, agus tacú leis, laistigh den tseirbhís chun cáilíocht sholathár na seirbhíse a chinntiú.

Freagraíonn cúrsaí oiliúna³⁴ do riachtanas aitheanta scileanna tionscail a éilíonn dámhachtain ghairme ag Leibhéil NFQ 4-6, nó a comhionann. Maireann na cúrsaí idir 6 agus 20 mí agus tá 30% ar a laghad den fhoghlaimeoir 'ar an láthair oibre' acu. Comhcheanglaíonn an oiliúint forbairt tras-scileanna agus scileanna teicniúla. Soláthraíonn cúrsaí oiliúna rochtain oscailte ar oiliúnaithe ionchasacha. Is éard atá i gceist le SST cúrsaí níos giorra ag leibhéal NFQ 5 nó 6, nó a gcomhionann agus maireann siad idir sé agus 40 seachtain agus de ghnáth ní bhíonn socrúcháin oibre i gceist leo. Tá cúrsaí oiliúna agus cúrsaí SST saor in aisce agus d'fhéadfadh faighteoirí íocaíocht RGFCs a bheith i dteideal liúntas oiliúna a fháil bunaithe ar a dteidlíocht leasa shóisialaigh le breisiú breise de réir mar is cuí. Féadfaidh foghlaimeoirí liúntas cóiríochta nó taistil a éileamh fosta más gá dóibh a bheith i bhfad ón bhaile ar feadh ré an chlár. Cuirtear seirbhís bus saor in aisce ar fáil laistigh den abhantrach tuaithe áitiúil le freastal ar fhoghlaimeoirí.

Cad a oibríonn go maith

Nuair a chláraíonn foghlaimeoirí ar na cláir sin agus nuair a bhíonn fianaise ann go bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith ag daoine aonair nó a dteastaíonn riachtanais tacaíochta aitheanta uathu, d'fhéadfadh tacaíocht bhreise a bheith ar fáil m.sh. tacaíocht do scrúduithe, ach ní cur chuige córasach atá ann. (Nóta: níl aon chostas ar an fhostóir le linn socrúcháin ar chúrsaí oiliúna). ETB Dhún na nGall (Díolachán Digiteach agus Margaíocht) - Cuirtear Dioplóma Leibhéal 3 *City & Guilds* i Margaíocht Dhigiteach os comhair an phobail in *Developing Best Practice in Work-Based Learning: An Evaluation of the Career Traineeship Pilot* (SOLACE, 2018) - <https://www.solas.ie/f/70398/x/8948bab28/developing-best-practice-in-work-based-learning-an-meastóireacht-ar-an-ghairm-oiliúntacht-píolótach.pdf>

Bearnaí / easnaimh

Bhraith baill foirne go dteastaíonn córas pleanála níos indibhidiúla ó fhoghlaimeoirí ar chúrsaí oiliúna agus SST a chuimseodh córas chun a bhforbairt iomlán a thaifeadadh. Bhraith siad fosta gur cheart go dtacódh na cláir leis na foghlaimeoirí a gcuid scileanna bainistíochta gairme agus infhostaitheachta a fhorbairt níos mó ag an tús chun cuidiú leo dul ar aghaidh i dtreo na fostaíochta. Tá soláthar na tacaíochta sách 'ad hoc'. Mar shampla, d'aithin 11 de na 15 fhoghlaimeoir óga ar chúrsa tathúcháin go mbeadh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu le litearthacht, agus/nó uimhearthacht agus/nó TF chun a nArdteistiméireacht a bhaint amach.

D'aithin foireann na Seirbhísí Oiliúna bearna sa tacaíocht d'fhoghlaimeoirí maidir le saincheistean meabhairshláinte. Is féidir le litearthacht agus uimhearthacht a bheith ina mbacainn shuntasach d'fhoghlaimeoirí fosta. Bhraith siad nach bhfuil aon phearsanra ar fáil acu atá oile chun déileáil le foghlaimeoirí maidir le saincheistean a bhaineann le drugaí agus alcól agus ba mhór acu treoirilínite agus oiliúint ina leith sin.

Tá an Scéim Deiseanna Gairmoideachais (SDOG) ann do dhaoine fásta os cionn 21 bliain d'aois atá ag cuardach poist agus a fhaigheann íocaíocht leasa shóisialaigh, céill cleithiúnacha nó iad siúd atá ag síniú le haghaidh creidmheasanna. Bogann na daoine a fhreastalaíonn ar SDOG chuig liúntas arna riar ag na hionaid atá comhionann le híocaíocht RGFCs, tá liúntas béile/taistil ar fáil fosta, faoi réir cúinsí foghlaimeoirí aonair. Is é misean an chlár SDOG ná cuidiú le foghlaimeoirí a gcuspóirí a chur chun cinn agus a bhaint amach i dtimpeallacht tacaíochta foghlama. Tá cúrsaí dírithe ar scileanna agus ar inniúlachtaí áirithe a fhorbairt, scileanna a theastaíonn ó fhostóirí. Tá sé mar aidhm acu leibhéal ginearálta oideachais na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú, a gcuid scileanna a fhorbairt agus iad a ullmhú le haghaidh fostaíochta/féinfhostaíochta, gairm úr nó athrú gairme. Oibríonn foghlaimeoirí i dtreo cáilíochtaí aitheanta ag leibhéil 4 agus 5, mar aon le creidiúnú aitheanta ag an tionscal a chuirfidh ar a gcumas dul ar aghaidh chuig réimse cúrsaí FET nó Ardoideachais. Ritheann na cúrsaí lánaimseartha sin thar 1 go 2 bhliain. Cuireann an clár dhá bhliain i Leitir Ceanainn an Ardteistiméireacht do Dhaoine Fásta ar fáil in ionad Leitir Ceanainn.

Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a chur ar fáil Soláthraíonn an fhoireann treorach gairmthreoir d'fhoghlaimeoirí ionchasacha agus glacann siad páirt sa phróiseas agallaimh, i bhformhór na n-ionad. Tugann gníomhaireacht eile, FIT³⁵ cuairteanna ar láithreáin chun tacú le CVanna a scríobh i mBaile Dhún na nGall. Cuirtear taisteal ar fáil, de réir mar is gá agus faigheann foghlaimeoirí liúntas béile. Déantar socruithe réasúnta maidir le scrúduithe i gcás na bhfoghlaimeoirí a chuireann fianaise ar fáil maidir lena riachtanais bhreise. Forbraítear na clár SDOG i ndlúthchomhar le tionscail áitiúla. Tugann foghlaimeoirí faoi shocrúchán oibre mar chuid den chlár. Soláthraíonn cainteoirí ó ghnólachtaí agus ó choláistí áitiúla eolas agus faisnéis ón taobh istigh d'fhoghlaimeoirí chun cuidiú leo an chéad chéim eile a phleanáil.

Cad a oibríonn go maith

Maidir le SDOG, tá an caidreamh le seirbhísí treorach an-láidir agus cuidíonn na treoirchomhairleoirí leis an bhealach a réiteach d'fhoghlaimeoirí ionchasacha ionas go dtuigfidh siad aidhmeanna an chlár agus na bealaí gairme is féidir leis a oscailt d'fhoghlaimeoirí. Soláthraíonn teagascóirí tacaíocht trí 'ghnáthchleachtas seomra ranga', lena n-áirítear disciplín agus iompar foghlaimeoirí a fhorbairt atá oiriúnach don obair. Tá sláinte agus folláine comhtháite sa chlár fosta. Mar a dúirt ball foirne amháin, 'Tá i bhfad níos mó i gceist ná an teastas.' Tá sé mar aidhm ag an chúrsa eispéireas spreagúil a chur ar fáil a athróidh saol na bhfoghlaimeoirí. Is iomaí foghlaimeoir a dhéanann dul chun cinn chuig cúrsa ar leibhéal 6 nó 7, nó i dtreo na fostaíochta.

Sampla de dheachleachtas maidir le tacaíocht d'fhoghlaimeoirí - SDOG

- Cuimsíonn an clár i mBaile Dhún na nGall gníomhaíocht a mhaireann an lá ar fad do mhic léinn agus do bhaill foirne, rud a thugann am chun na mic léinn a tharraingt isteach agus a spreagadh agus chun tacú leo a n-acmhainneacht a chomhlíonadh. Uair amháin sa téarma, (i.e. sé lá thar an chlár dhá bhliain) glacann siad ar fad páirt i réimse leathan gníomhaíochtaí, mar shampla siúlóidí, turais, tionscadail bia shláintiúil a mheasann gach duine lena mbaineann a bheith an-rathúil i gcónaí. Tá gníomhaíochtaí den chineál chéanna ar fáil do mhic léinn SDOG in ionaid eile i nDún na nGall, ach b'fhéidir nach n-eagrófaí iad sa dóigh chéanna.

Bearnaí/easnamh

Bhí beagán mearbhaill ar an fhoireann a cuireadh faoi agallamh maidir le soláthar NFQ leibhéal 4. Bhraith cuid acu gur chóir go mbeadh treoirchomhairleoireacht níos comhsheasmhaí ar fáil ar fud na gclár. Ar an dóigh chéanna, bhraith siad gur cosúil go bhfuil na hionaid ag obair ina n-aonar agus go mbainfeadh siad leas as níos mó comhordaithe ar fud na n-ionad.

Tá Cumasóige ann do dhaoine óga 16-20 bliain d'aois a d'fhág an scoil go luath agus a bhfuil beagán cáilíochtaí nó cáilíochtaí ar bith acu. Cuireann sé réimse leathan deiseanna foghlama agus oiliúna ar fáil: Leibhéil 1 nó 2 Foghlaim Ghinearálta; Scileanna Infhostaitheachta Leibhéil 3 agus Foghlaim Ghinearálta Leibhéil 4. I measc na n-ábhar, ó ionad go hionad, tá ealaín agus ceardaíocht, lónadóireacht, ríomhaireacht, cúram leanaí, gruagaireacht, sláinte agus folláine, litearthacht, uimhearthacht, scileanna oifige, gníomhaíochtaí allamuigh, forbairt phearsanta, ceardaíocht adhmaid agus go leor eile. Tá taithí oibre ina cuid thábhachtach den chlár Cumasóige fosta. I measc na gcáilíochtaí eile tá bunsláinteachas bia, CETR, Garchabhair agus Gradaim Gaisce. Téann mic léinn ar aghaidh chuig FE nó éiríonn leo post a fháil.

Tacaíocht d'fhoghlaimoirí a chur ar fáil Tá tacaíocht d'fhoghlaimoirí ina cuid dhílis den chlár Cumasóige. Faigheann foghlaimoirí liúntas oiliúna seachtainiúil, liúntas béile agus liúntas taistil, de réir mar is cuí. Oibríonn abhcóidí le foghlaimoirí chun a gcéad chéim eile a phleanáil. De ghnáth bíonn acmhainní maithe ag na cláir le maoiniú breise don litearthacht agus tacaíocht eile. Tá meantóir ag gach mac léinn a oibríonn leo chun tacú lena riachtanais mhothúchána. Cuireadh oiliúint mheantóireachta ar na teagascóirí go léir. Faigheann siad tacaíocht agus maoirseacht nó comhairleoireacht fosta. Tá tacaíocht do mhic léinn leochaileacha ar fáil fosta ó shíceolaí cliniciúil agus/nó comhairleoir teiripeach, de réir mar is cuí. Tá abhcóidí ar fáil i ngach ionad Cumasóige i nDún na nGall seachas ceann amháin. Mothaíonn an fhoireann a cuireadh faoi agallamh go bhfuil an oiread tairbhí agus éachtaí neamh-intomhaiste ag a gcuid foghlaimoirí, ach ní ghlacann an córas faisnéise bainistíochta le tuairisciú do mhaoinitheoirí an fhaisnéis sin. Tá imní orthu maidir lena bhfuil in ann do na daoine óga; mura bhfuil fócas ar an dóigh a bhfuil foghlaimoirí ag éirí níos neamhspleáiche, d'fhéadfadh siad a bheith ina ndaoine fásta leochaileacha amach anseo.

Cad a oibríonn go maithe

Maidir le soláthar Chumasóige Dhún na nGall baineann foghlaimoirí tairbhe as ranganna beaga atá dírithe ar chúrsaí gairme agus tugtar leibhéil mhaithe tacaíochta aonair dóibh, ag obair le meantóirí agus le habhcóidí. Tá na cláir foghlama saincheaptha don duine aonair agus déantar an phleanáil de réir riachtanais forbartha gach foghlaimora agus pleananna dul chun cinn. Is minic a chuirtear tacaíocht foghlama ar fáil d'fhoghlaimoirí aonair le linn am ranga. Tá na torthaí cáilíochta do Chumasóige thar barr. Is sainsoláthar é seo a bhfuil acmhainní cearta curtha ar fáil dó le réimse leathan tacaíocht aonair, abhcóideachta, comhairleoireachta agus meantóireachta. Ní fhaigheann ach ionad amháin maoiniú ó bhuiséad an tionscnaimh um riachtanais speisialta oideachais (SENI), ach níl an soláthar foirne breise sin ar fáil do mhic léinn sna hionaid eile. Faigheann na mic léinn tacaíocht abhcóideachta, comhairleoireacht agus meantóireacht i rith an dá bhliain óna dteagascóir agus/nó a meantóirí chun iad a chumasú plean gairme a chur le chéile - baineann sé seo go sonrach le Cumasóige. Tá fócas láidir ar bhacainní ar dhul chun cinn a aithint agus oibríonn mic léinn leis an fhoireann chun plean imeachta a fhorbairt.

Bearnaí/easnaimh

Cé gur minic a dhéanann foghlaimoirí dul chun cinn suntasach ina bhforbairt phearsanta, is minic nach ndéantar é sin a thaifeadadh go mion. Díríonn na córais maidir le gnóthachtáil a thaifeadadh ar chreidiúnú agus bhraith siad nach raibh nósanna imeachta leordhóthanacha acu chun forbairt na bhfoghlaimoirí i dtaca le scileanna pearsanta, sóisialta, bainistíochta gairme agus infhostaitheachta a thaifeadadh. Níl aon chóras uilíoch ann chun forbairt foghlaimoirí aonair i dtaca le scileanna pearsanta, sóisialta, bainistíochta gairme agus infhostaitheachta a thaifeadadh nach n-aithnítear mar thorthaí foghlama laistigh de mhodúil - ach d'fhéadfadh siad a bheith tábhachtach d'fhorbairt fhoriomlán na bhfoghlaimoirí. I measc roinnt samplaí tá

forbairt ar fhéinmheas agus ar mhuinín a chuireann ar chumas daoine aonair páirt a ghlacadh agus leas níos iomláine a bhaint as an chlár agus cur lena seans dul ar aghaidh go rathúil i dtreo na fostaíochta nó chuig breisoideachas agus oiliúint.

Tacaíonn Oideachas Pobail le cúrsaí oideachais aosaigh a sholáthar sa phobal trí mhaoiniú a chur ar fáil le haghaidh na gcostas teagaisc agus tacaíocht a thabhairt maidir le cúrsaí a chur ar bun. Tá sé mar aidhm ag an chlár daoine fásta nach bhfuil mórán cáilíochtaí ná cáilíochtaí ar bith acu a spreagadh le páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí oideachais lena muinín a chothú mar dhaoine aonair agus le cuidiú le forbairt a bpobail. De ghnáth bíonn na cúrsaí neamhchreidiúnaithe ach d'fhéadfadh siad teastasú a chur ar fáil. Lena chois sin tá sé mar aidhm ag Oideachas Pobail forbairt grúpaí agus gníomhaíochtaí nua oideachais pobail i nDún na nGall a chur chun cinn agus tacú leo agus tacú leis an earnáil oideachais pobail trí dheiseanna oiliúna agus comhroinnte eolais a chur ar fáil.

Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a chur ar fáil Is é ETB Dhún na nGall an t-idirghabhálaí idir eagraíochtaí agus soláthraithe éagsúla. Tá thart ar 90% de chúrsaí ETB Dhún na nGall neamhchreidiúnaithe agus faoi stiúir eagraíochtaí pobail. Tá réimse leathan clár ann; go leor acu sna healaíona. Tá cuid acu creidiúnaithe, mar shampla leabharchoimeád srl. Is faoin eagraíocht óstach atá sé tacaíocht a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí ach is féidir leis an ETB roinnt tacaíochta a thairiscint chun na soláthraithe/eagraíochtaí/pobail a óstáil agus teagmhálacha agus smaointe a thabhairt.

Cad a oibríonn go maith

Laistigh den Oideachas Pobail forbraíonn ETB Dhún na nGall acmhainn an phobail agus tacaíonn sé le grúpaí pobail áitiúla. I gcomhar le Soláthraithe For-rochtana Pobail áitiúla, comhordaíonn ETB Dhún na nGall acmhainní agus soláthraíonn sé líonra de sheirbhísí timfhillte ardchaighdeán. Is féidir leo siúd a bheith lárnach chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar fhoghlaim; measúnuithe riachtanas a dhéanamh; tacaíocht do mhic léinn a chur ar fáil agus pleanáil, comhordú agus cumarsáid a fheabhsú. I ndeireadh na dála, is féidir leo a bheith ina gcuid dhílis de thionchar a imirt ar choinneáil na rannpháirtithe. Oibríonn an clár go maith chun tacú le pobail i nDún na nGall freagairt do riachtanais foghlama agus forbartha a gcónaitheoirí áitiúla. Baineann sé go maith le grúpaí daoine nach mbaineann leas as na deiseanna sin de ghnáth. Faoi láthair, tá timpeall 4,500 duine fásta rannpháirteach sna cláir sin arna seachadadh ag 140 soláthraí ar fud Dhún na nGall.

Bearnaí / easnaimh

Bhraith an fhoireann ar cuireadh agallamh orthu go raibh gá le forbairt shóisialta a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí chun críocha dearbhaite cáilíochta. Bhraith siad nár thug an córas spriocanna reatha meastóireacht leordhóthanach i gcónaí ar an tionchar dearfach a bhíonn ag na cláir ar fholláine agus ar mhuinín a bhfoghlaimoirí mar aon leis an dóigh a bhfuil siad ábalta a scileanna praiticiúla a fhorbairt agus cur lena gcuid eolais ar ábhair ar leith.

Is cláir lánaimseartha iad cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC) do dhaoine óga a bhfuil a nArdteistiméireacht críochnaithe acu agus do dhaoine fásta atá ag filleadh ar an oideachas. Cuirtear na cúrsaí sin ar fáil i suíomhanna éagsúla go náisiúnta, lena n-áirítear scoileanna, coláistí agus ionaid oideachais pobail. Cuireann na cúrsaí meascán d'fhoghlaim phraiticiúil agus acadúil ar fáil mar aon le taithí oibre. Tá réimse cúrsaí ar fáil sna réimsí foghlama seo a leanas: Ealaín, Gnó, Cúram Leanaí, Altranas, Spórt & Áineas agus rochtain 3ú leibhéal. Cuirtear gach cúrsa ar fáil ag leibhéal 5 QQI agus tá taithí oibre mar pháirt díobh uilig. Maireann

na cúrsaí de ghnáth 1-2 bhliain. Cuireann ETB Dhún na nGall 12 chúrsa PLC ar fáil³⁶ agus tá siad uilig ceangailte le hiar-bhunscoileanna.

Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a chur ar fáil Go ginearálta bíonn PLCanna ar siúl i gColáistí Breisoideachais (CFEnna). Mar sin féin, toisc nach bhfuil CFEnna i nDún na nGall, tá an soláthar sin i dtrí iar-bhunscoil. Cuirtear treoir ar fáil san iar-bhunscoil bunaithe ar an chóimheas idir daltaí agus múinteoir i scoileanna. I scoil le PLC táthar ag súil go gclúdódh an treoirchomhairleoir daltaí príomhshrutha agus mic léinn PLC, de réir rogha an phríomhoide. Mar sin féin, tá coláistí CFE a reáchtálann cúrsaí PLC maoinithe ag SOLAS ó Mheán Fómhair 2019 agus níor tugadh aon soiléiriú maidir le cé acu an mbeidh an leithdháileadh fá choinne na seirbhíse treorach difriúil amach anseo.

Tugann baill foirne atá ag múineadh na gcúrsaí sin i nDún na nGall ag Leibhéal 5 agus Leibhéal 6 le fios go bhfuil na cláir dírithe go príomha ar mhic léinn ar mhaith leo scileanna gairme nó teicneolaíochta a fhorbairt le dul isteach i bhfostaíocht oilte, nó dul ar aghaidh chuig ardoideachas. B'fhéidir nach bhfuil go leor pointí acu óna gcuid scrúduithe scoile, b'fhéidir nach bhfuil cinneadh déanta acu maidir lena slí bheatha go fóill, agus/nó go b'fhéidir go bhfuil 'briseadh bliana' oideachasúil acu chun níos mó ama a thabhairt dóibh sula rachaidh siad ar aghaidh chuig HE. Tá an soláthar gairmiúil agus tá sé ar fáil do dhaoine fásta fosta. Bunaithe in iar-bhunscoileanna, tá na foghlaimeoirí scoite ón phríomhshruth. Freastalaíonn na múinteoirí céanna ar an dá chineál ghrúpa foghlaimeoirí, áfach. (I scoil amháin le 300 mac léinn príomhshrutha, tá 60 mac léinn PLC ann). Ní léir go bhfuil socruithe ionsuite ann do mhic léinn PLC i nDún na nGall chun treoirchomhairleoireacht a fháil. Mar a dúirt duine de na teagascóirí:

'Mar thoradh ar chúrsaí FET a sholáthar sa chóras 2ú leibhéal braitheann muid go bhfuil muid i ndiaidh titim idir dhá stól maidir le tacaíocht d'fhoghlaimeoirí'.

Cad a oibríonn go maith

I gclár PLC, tugann baill foirne túslíne tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a oiread agus is féidir leo agus baineann foghlaimeoirí leas as taithí agus saineolas na dteagascóirí. Mheas Mc Guinness et al (2018)³⁷ soláthar clár PLC ar fud na hÉireann agus fuair siad amach go bhfuil foghlaimeoirí PLC 16% ar an mheán níos dóchúla a bheith fostaithe ná dá mbeadh siad díreach i ndiaidh dul isteach sa mhargadh saothair díreach i ndiaidh na hArdteistiméireachta. Chuir an tuarascáil béim fosta ar roinnt dúshlán d'fhorbairt beartais san earnáil PLC ag léiriú go bhfuil gá le cúrsaí PLC atá dírithe ar phost ar leith a bheith níos freagrúla do dhálaí mhargadh an tsaothair atá ag athrú i dtéarmaí na gcineálacha cúrsaí a chuirtear ar fáil agus naisc níos dlúithe le fostóirí, chomh maith le treoir fheabhsaithe d'fhoghlaimeoirí agus oiliúint bhreise don fhoireann teagaisc.

Bearnaí / easnaimh

Níl aon am ar leith ann le rochtain a fháil ar thacaíocht maidir le riachtanais speisialta oideachais (RSO) do mhic léinn PLC. Dúirt an fhoireann ar cuireadh agallamh orthu go bhfuil an tráthchlár teagaisc lán agus nach bhfuil aon am curtha ar leataobh le haghaidh tacaíocht den sórt sin. Díríonn treoirchomhairleoir i gcóras an ETB ar threoir gairme agus comhairleoireacht phearsanta, ach mar atá sé faoi láthair, ní leithdháiltear aon am tiomnaithe d'fhoghlaimeoirí PLC. Is féidir le foghlaimeoirí atá ábalta measúnuithe síceolaíochta a chur ar fáil tacaíocht bhreise a fháil, go háirithe i gcás scrúduithe, ach roimhe seo ní raibh sé sin ar fáil de ghnáth do mhic léinn aibí, go háirithe nuair nach bhféadfadh a ndeacrachtaí foghlama ar leith a bheith soiléir ach le linn an chúrsa. Luadh gur chóir go mbeadh measúnú agus socruithe cuí ar fáil d'aon fhoghlaimeoir FET de thairbhe gur tosaíodh ar an mheasúnóir WRAT 5 le haghaidh Socruithe Réasúnta a úsáid le gairid.

5.8 I measc roinnt samplaí roghnaithe de shainchláir pobail SEND arna maoiniú ag ETB Dhún na nGall tá:

Soláthraithe Sainoiliúna (STP) - TACA agus an Líonra Náisiúnta Foghlama (NLN)

Is clár sheachtracha iad TACA agus NLN a mhaoiníonn ETB Dhún na nGall trína chlár STP chun a chur ar chumas foghlaimeoirí SEND cúrsaí a dhéanamh ag NFQ Leibhéal 3-5 leis an leibhéal saintacaíochta a theastaíonn uathu. Baineann nó sáraíonn STPanna bacainní a bhíonn roimh fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas i dtimpeallachtaí oiliúna eile go díréireach. Tugtar aghaidh orthu siúd agus déantar freastal sna catagóirí seo a leanas seo: riachtanais a bhaineann le rochtain, riachtanais a bhaineann le hábhar agus fad an chúrsa, riachtanais a bhaineann le hoiliúint neamhghairme. Ní fostaíthe de chuid ETB Dhún na nGall an fhoireann, oibríonn siad d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó don Líonra Náisiúnta Foghlama (NLN). Fostaíonn ETB Dhún na nGall na soláthraithe sainseirbhíse sin do chúrsaí do dhaoine a bhfuil SEND acu toisc nach bhfuil an tsainfhoireann oilte aige san eagraíocht. Is féidir le daoine aonair a bhfuil SEND acu iarratas a dhéanamh ar chúrsaí 'príomhshrutha' fosta; i gcásanna áirithe, áfach, nuair a bhíonn imní ann faoin ullmhacht nó an cumas tabhairt faoi na cúrsaí níos príomhshrutha agus iad a bhainistiú cuirfidh seirbhísí FET Dhún na nGall an cás faoi bhráid TACA agus NLN. Cuireann soláthraithe STP ETB Dhún na nGall réimse seirbhísí tacaíochta ar fáil d'fhoghlaimeoirí lena chinntiú go bhféadann siad páirt a ghlacadh i ngach gné de 'shaol na mac léinn'.

Is clár lánaímseartha 18 mí é TACA do dhaoine a bhfuil SEND acu a bhfuil cáilíocht ag leibhéal 3 san infhostaitheacht mar thoradh air. Cuimsíonn sé taithí oibre. Tacaítear leis an aidhm dul chun cinn / fostaíocht oscailte. Tá fócas láidir ag an chlár ar fhorbairt phearsanta, le naisc láidre le gníomhaireachtaí tacaíochta. Sampla de dheachleachtas i TACA: Tá ag éirí go han-mhaith le comhtháthú na tacaíochta sa chlár agus leis na naisc le fostóirí. Tá taithí oibre lárnach i gcur ar chumas foghlaimeoirí dul ar aghaidh chun oibre. Tá an ráta dul chun cinn i dtreo na fostaíochta ard, thart ar 75%. Léiríonn sé sin an tionchar suntasach a bhaineann le cur ar chumas foghlaimeoirí páirt a ghlacadh i dtaithí oibre mar chuid den chúrsa mar cuireann sé ar chumas na bhfostóirí na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair le daoine le SEND a fheiceáil agus an dóigh leis na socrúithe cuí a dhéanamh le fostaíocht a thabhairt dóibh.

Soláthraíonn NLN i Leitir Ceanainn réimse cúrsaí saor in aisce do dhaoine a raibh timpiste, breoiteacht, gortú orthu nó a bhfuil míchumas orthu agus riachtanais tacaíochta bhreise acu. Cuirtear cúrsaí in oiriúint do riachtanais gach mac léinn, le cuidiú leo a muintí a chothú agus scileanna praiticiúla cuardaigh poist a fhoghlaim chun cabhrú leo post a fháil nó dul ar aghaidh chuig oiliúint bhreise.

Cad a oibríonn go maith

Tá eolas áitiúil den scoth ag gníomhaireachtaí comhpháirtíochta seachtracha ar fhostóirí agus faigheann foghlaimeoirí tacaíocht mhaith i bhfostaíocht, lena n-áirítear tríd an *Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta* agus/nó an *Deontas um Oiriúnú Trealamh san Ionad Oibre*. Faigheann fostóirí dreasachtaí airgeadais chun foghlaimeoirí SEND a fhostú i ndiaidh dóibh a gcúrsa a chríochnú. Soláthraíonn an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta (RGFCS) roinnt tionscnamh fostaíochta a bhfuil tacaíocht leo fosta.

Bearnaí / easnaimh

Luaigh roinnt comhghleacaithe NLN go n-oibríonn siad ina n-aonar i dtosach toisc go bhfuil an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta (RGFCS) freagrach as daoine a ligean isteach ar an chlár. Ní fhaigheann siad faisnéis roimh ré a thuilleadh faoi riachtanais tacaíochta an ghrúpa ná na bhfoghlaimeoirí aonair. Braitheann siad fosta go bhfuil gá le tuilleadh eolais ar INTREO³⁸. Bhraith siad go bhfuil easpa soiléireachta ann maidir le cá háit a scarann ról an teagascóra agus ról lucht tacaíochta óna chéile. Teastaíonn comhaontú

maidir leis an dóigh ar féidir le seirbhísí treorach agus na teagascóirí oibriú le chéile chun an soláthar a fheabhsú trí uasoiliúint a dhéanamh ar na teagascóirí. Chomh maith leis sin, i gCúrsaí Soláthraithe Sainoiliúna (STP) arna maoiniú ag ETB Dhún na nGall mar chlár TACA agus NLN, ní dhéantar forbairt níos leithne na bhfoghlaimoirí a thaifeadadh ar leibhéal áitiúil agus/nó náisiúnta agus níl aon cheanglas ar na soláthraithe déanamh amhlaidh. Déantar torthaí mar dhul chun cinn chuig FE/HE agus fostaíocht, chomh maith le torthaí deimhniúcháin a thaifeadadh go háitiúil agus go náisiúnta.

Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL)

5.9 Tá ardionchais ann maidir le beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta ag eascairt as soláthar seirbhísí RPL. Cé go bhféadfadh fostaithe, fostóirí agus forbairt eacnamaíoch a bheith ina bpríomhthairbhí den chuid is mó, tá seirbhís FET ETB Dhún na nGall le clár bhailíochtaithe ó leibhéal 1-6 ar an NFQ i riocht maith chun an próiseas RPL a threorú sa chontae. Tá díospóireacht ar siúl go náisiúnta faoi chomhsheasmhacht na cinnteoireachta maidir le measúnú agus dearbhú cáilíochta. Cuireann an *tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint)*, 2012 an creat reachtach reatha ar fáil; chuir sé an bonn reachtúil ar fáil chun *Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)* a bhunú. Laistigh den Acht, tá freagracht dhíreach ar QQI as maoirseacht a dhéanamh ar bheartais maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn foghlaimoirí, aon tagairt do rochtain, aistriú agus forchéimniú, is tagairt í -:

- do rochtain ag foghlaimoirí ar chlár oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear aitheantas le haghaidh eolas, scil nó inniúlacht a baineadh amach cheana;
- d'fhoghlaimoirí a aistriú ó chlár amháin go clár eile tar éis dóibh aitheantas a fháil le haghaidh eolas, scil nó inniúlacht a baineadh amach cheana; agus
- d'fhorchéimniú foghlaimoirí ó chlár chuig clár eile ar leibhéal níos airde. (*An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint)* 2012, lch 11.
- Is próiseas é aitheantas réamhfhoghlama (RPL), a fhéachann le gach cineál foghlama a aithint, agus a luach a fháil i gcomhthéacs dámhachtana (*An Coimisiún Eorpach*, 2008; *Údarás Cáilíochtaí Náisiúnta na hÉireann*, 2005; OECD, 2004). Tógtar an sainmhíniú ar RPL ón Fhardal Eorpach maidir le bailíochtú na foghlama neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, tuarascáil tíre Éire 2014:

“Ionchorpraíonn RPL réamhfhoghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus seachfhoirmiúil agus an rud a bhailíochtaítear i gcomhthéacs dámhachtana sonraithe ó leibhéal a haon go dtí a deich ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí” (An Coimisiún Eorpach, CEDEFOP, ICF International; 2014 lch. 3).

Luann Goggin et al, (2017)³⁹ go ligeann RPL do gach cineál foghlama cur le dámhachtain (*Údarás Cáilíochtaí Náisiúnta na hÉireann*, 2005). Soláthraíonn RPL rochtain ar an chóras oideachais do dhaoine aonair a fhéadfaidh, trí admháil fhoirmiúil a dhéanamh ar a gcuid eolais, scileanna agus inniúlachtaí roimhe seo, a gcuid staidéir a chríochnú i dtréimhse ama níos giorra gan aithris a dhéanamh ar an fhoghlaim. Úsáidtear RPL fosta chun creidmheas, nó díolúintí, a thabhairt ar mhodúil aonair ar chlár. Tá RPL tairbheach sa mhéid is go dtugann sé deis do dhuine an méid atá ar eolas aige/aici cheana a thaispeáint. ' lch.4)

In ETB Dhún na nGall, bhí sé mar chuspóir foriomlán ag tionscadal píolótach roimhe seo an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a ghnóthaigh Saighdiúirí Singile sna Fórsaí Cosanta a bhailíochtú lasmuigh den timpeallacht fhoirmiúil foghlama. Chuaigh an tionscadal ar aghaidh trí cheithre chéim an bhailíochtaithe agus mhol sé cur chuige ETB Dhún na nGall 'chun foghlaim fhoirmiúil agus eispéireas na bhfoghlaimoirí ag pointe rochtana ar chúrsaí a aithint'. Thacaigh na Fórsaí Cosanta mar eagraíocht

foghlama ar feadh an tsaoil le rannpháirtíocht le ETB Dhún na nGall faoin gclár Scileanna don Obair. An aidhm a bhí leis ná cúrsa a sholáthar a ullmhódh agus a thacódh le pearsanra aistriú ón arm go saol sibhialtach. Chuir an caidreamh seo béim ar an leibhéal ard scileanna, eolais agus inniúlachtaí a bhí gnóthaithe ag pearsanra na bhFórsaí Cosanta trína gcuid oiliúna oibre agus ról. Mar thoradh ar an bhearna sin a aithint idir scileanna agus bailíochtú, forbraíodh tionscadal RPL a mhapáil scileanna le dámhachtainí. Thug an comhoibriú sin deis chun scileanna a gnóthaíodh san ionad oibre a bhailíochtú trí chreidiúnú foirmiúil. Thuairiscigh foghlaimoirí go raibh níos mó muiníne agus feasacht fheabhsaithe acu ina gcuid foghlama.

Cad a oibríonn go maith

D'éirigh go maith le ETB Dhún na nGall le déanaí le hiarratas mór maoinithe SOLAS chun RPL a phiolótú d'fhostaithe san earnáil Cúraim (Márta 2020-2022). Tabharfaidh sé sin deis d'fhostaithe laistigh den earnáil cúraim cáilíochtaí náisiúnta a fháil a mheaitseálann a gcuid scileanna, eolais agus inniúlachtaí. Tá torthaí dul chun cinn PLC an-mhaith.

Láidreachtaí

Tá struchtúr an-mhaith ar an chur chuige maidir le RPL a chur i bhfeidhm nuair atá sé ar fáil. Bhí an fhoireann RPL páirteach ann ag tacú le hiarratasóirí fianaise a bhailiú chun tacú le dámhachtain a fháil. Tá beartais dearbhaithe cáilíochta ETB Dhún na nGall mar bhonn agus taca leis sin. Go dtí seo, tá 215 foghlaimoir tar éis dámhachtainí saincheaptha a fháil a bhaineann go sonrach lena riachtanais.

Bearnaí / Easnaimh

Tá a phróisis do RPL doiciméadaithe ag ETB Dhún na nGall, lena n-áirítear meantóireacht agus tacaíocht éascaithe. Is gá RPL a dhéanamh níos infheicthe sa Chontae. Tugadh faoi deara go bhfuil córas RPL ar líne ag NALA, ar féidir le ETBanna é a shaincheapadh, ach tá go leor, ETB Dhún na nGall ina measc, ag roghnú a gcóras féin a chruthú.

Dearbhú Cáilíochta

5.10 Is ról úr é an comhordaitheoir DC agus tá sé/sí freagrach as maoirseacht, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an chóras DC laistigh d'ETB Dhún na nGall. Cothromaíonn beirt oifigeach um chaighdeán oiliúna (OConna) peirspictíochtaí ó na córais FÁS agus FE roimhe seo. Is é an fócas tosaigh na próisis oideachais agus oiliúna roimhe seo a chónascadh i gcóras comhtháite cáilíochta uileghabhálach. Tá an córas nua ag ionchorprú threoirlínte Reachtúla DC QQI, a foilsíodh in Aibreán 2016.

Is é an pointe tosaigh an misean, an fhís, na luachanna agus na tosaíochtaí straitéiseacha. 'An bhfuil muid ag déanamh an rud a deir muid go bhfuil?' Tá an fócas fosta ar bheartais DC a fhorbairt sula n-oibreofar na próisis ag leibhéal an chláir. Mar sin tá foireann na Seirbhíse Dearbhaithe Cáilíochta ag tabhairt cuairteanna faisnéiseacha ar na 17 n-ionad chun timpeallacht foghlama gach ionaid a thuiscint. Ceann de na téamaí is ea struchtúr agus rochtain/teidlíocht ar threoir. Beidh guth na mac léinn agus na foirne lárnach sna próisis agus sna córais sin. Déanfar féinmheastóireacht fhoriomlán ar phróisis DC Sheirbhísí FET le linn 2020 mar chuid den Athbhreithniú Reachtúil faoi stiúir QQI.

"Trí UDL a chur i bhfeidhm sa phríomhshruth, laghdaíonn sé an gá le tacaíocht bhreise, ach ní dhéanann sé dearmad riamh ar an ghá atá le hoiriúnú ná le tacaíocht aonair." (SOLAS, 2020)

Bainistíocht Sonraí

5.11 Is córas réasúnta nua é an *Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí Cláir* (PLSS) agus teastaíonn níos mó deiseanna ón fhoireann lena thástáil agus foghlaim fá dtaobh de ionas go mbeidh tuiscint iomlán acu ar an chóras. Is cosúil go bhfuil tionchar ag dualgais riaracháin a bhaineann le PLSS ar cháilíocht na tacaíochta a chuirtear ar fáil don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí, go háirithe maidir le *Foghlaim don Saol* agus BTEI. Dúradh go saorfadh roinnt tacaíochta riaracháin breise iad le ham breise a thabhairt chun tacú le teagascóirí agus le foghlaimoirí.

Maidir leis an tseirbhís treorach, ó 2004 tá bunachar sonraí ar líne forbartha ag an NCGE a bhaineann go sonrach le seirbhís treorach d'aoisigh chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar sheachadadh na seirbhíse. Tá NCGE á mhaoiniú ag SOLAS anois agus tá an bunachar sonraí comhlánaithe ag na 16 ETB go léir chun tuairisciú a dhéanamh ar sheachadadh ar fud na hÉireann, mar shampla líon na seisiún 1:1, seisiúin ghrúpa, líon na gcliant ó na spriocghrúpaí sonraithe, an dul chun cinn atá beartaithe acu srl. Bhí baint ag an gHníomhaireacht le comhaontú a dhéanamh ar an chuma a bheadh ar an bhunachar sonraí mar gur bonn é do gach seirbhís treorach FET agus úsáidtear é chun beartas treorach FET a threorú. In éineacht leis sin, tá a chóras tuairiscithe/tuarascálacha féin ag ETB Dhún na nGall. Tá NCGE an-réamhghníomhach maidir le tuarascáil fhoriomlán bhliantúil a chur ar fáil.

Cumarsáid, Margaíocht agus Earcaíocht

5.12 Cuid den ról atá ag Oifigeach Cumarsáide an ETB ná cuidiú le cúrsaí agus gníomhaíochtaí FET a chur chun cinn, lena n-áirítear trí na meáin shóisialta. 'Reáchtálann scoileanna a gcuntais meán sóisialta féin ach ní bhíonn aon rud orthu maidir le FET.' Is éard a bhí i gceist leis an obair thosaigh teachtaireachtaí a fhreagairt faoin soláthar ar *Facebook Messenger*; tá clonadh ag foghlaimoirí agus foghlaimoirí ionchasacha an aip sin a úsáid de rogha ar ghlaonna teileafóin de thairbhe go bhfuil creidmheas de dhíth orthu. Éascaíonn sé sin naisc a chur ar fáil chuig eolas ábhartha eile lena chur ar chumas foghlaimoirí roghanna eolasacha a dhéanamh maidir lena gcúrsaí, lena n-áirítear naisc chuig foirm ar líne a thugann na sonraí teagmhála don fhoireann treorach ionas gur féidir leo glaonna leantacha a dhéanamh.

"VTOS -ft; BTEI -pt. ' Tá an iomarca acrainmneacha ann. Bí ag caint faoi chúrsaí páirtaimseartha agus lánaimseartha. Cumasóige - clár dhá bhliain - le dámhachtainí éagsúla - L2, 3 agus 4. D'fhéadfadh sé mearbhall a chur ar dhuine. Teastaíonn níos mó acmhainní uainn chun na cúrsaí a chur chun cinn - agus lena chinntiú go bhfuil an teanga a úsáidtear do na cláir simplí agus furasta a thuiscint." (Ball foirne)

Ionaid FET

5.13 Tá fonn láidir laistigh den fhoireann bainistíochta FET ailíniú go maith le moltaí SOLAS anois agus sa todhchaí, mar shampla, coincheap na gcampas áitiúil agus contae.

Láidreachtaí

- Is léir ón dóigh a n-úsáidtear foirgnimh áitiúla agus acmhainní foirne go bhfuil fealsúnacht agus cur chuige láidir ann maidir le hionchuimsiú gníomhach.
- Tá fianaise ann go bhfuil deiseanna oiliúna á sceidealú ar bhealach solúbtha, sofhreagrúil.

- Oibríonn an tsamhail aiseolais agus tacaíochta teagascóirí go maith in Ionaid Oiliúna ETB Dhún na nGall.

Bearnaí/Easnaimh

- Tacaíocht mhíchumais
- Tacaíocht litearthachta d'fhoghlaimeoirí ag leibhéal 5 & 6
- Caithfidh mic léinn a socrúcháin féin a fháil - neamhionannas sa soláthar - gnóthachain caipitil shóisialta dóibh siúd is cumasaí maidir lena gcuid líonraí a úsáid.
- Ní thuigeann a lán daoine múnla maoinithe úr SOLAS.
- Níl aon seasmhacht ag baint le guthanna/tuairimí na bhfoghlaimeoirí a ghabháil laistigh den Soláthar FET agus tá sé á dhéanamh giota ar ghiota faoi láthair - ba cheart go mbeadh sé sin níos córasaí.

6. Léirbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta: príomhthéamaí a bhaineann leis an taighde

Tógadh torthaí breise ó fhoinsí ar leith de phríomhthorthaí ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta le cuidiú tógáil ar bheartais agus ar chleachtais tacaíochta foghlaimeoirí maithe/suimiúla agus smaointe le haghaidh gníomhaíochta a aithint.

6.1 *Learning & Work Institute (2019) Healthy, Wealthy and Wise: Implications for Workforce Development*, Leicester - Cuireann an tuarascáil sin béim ar bhealaí nua a fhorbairt chun smaoineamh ar fhoghlaím aosach agus an fhoghlaím sin a dhéanamh; gan dabht go mbeidh dúshlán ann don lucht saothair foghlama aosach. Iarrann sé ar an lucht saothair tabhairt faoi rudaí nach bhfuil taithí acu orthu, smaoineamh ar bhealach difriúil faoina ról agus a bheith oscailte do bhealaí malartacha le rudaí a dhéanamh a iniúchadh agus a thriail. Ach mura dtuigeann an lucht saothair an gá atá le hathrú agus go gcuirtear ar a gcumas glacadh le cineálacha cur chuige nua, caillfear na deiseanna chun ról na foghlama aosach a neartú thar réimsí beartas (lch.6) - <https://www.learningandwork.org.uk/wp-content/uploads/2019/09/Healthy-Wealthy-and-Wise-implications-for-workforce-development.pdf>

6.2 *European Lifelong Guidance Policy Network (2014) Concept Note No. 3. Career Management Skills* – Tugann an tuarascáil sin breac-chuntas ar roinnt saincheistanna a bhaineann leis an phróiseas chun beartas Scileanna Bainistíochta Gairme (CMS) a chur i bhfeidhm i sé réimse earnála - scoileanna, gairmoideachas agus oiliúint (VET), ardoideachas, oideachas aosach, fostaíocht agus ionchuimsiú sóisialta. Tá sé mar aidhm aige go sonrach na heilimintí sin a thacaíonn le forbairt agus cur i bhfeidhm beartas a shainaithint, chomh maith leo siúd ar féidir leo a bheith ina gconstaic ar chur chun feidhme an bheartais maidir le CMS - <http://www.elgpn.eu/publications/elgpn-concept-note-cms>

6.3 In Albain, tá CMS nasctha go sonrach leis an duine é féin, láidreachtaí, raon a dtaithí agus líonraí mar chreat le haghaidh gairmthreorach/cóitseálaithe atá ag obair le daoine ina n-aonar agus i ngrúpaí (*Skills Development Scotland*, 2020). Déantar cur síos thíos ar na hinniúlachtaí laistigh den chreat:

- Féin-inniúlachtaí a chuireann ar chumas daoine tuiscint ar a nádúr féin a fhorbairt sa tsochaí.
- Láidreachtaí - inniúlachtaí a chuireann ar chumas daoine a gcuid láidreachtaí a fhorbairt agus tógáil orthu agus deiseanna fiúntacha foghlama agus oibre a thapú.
- Raon a dtaithí - inniúlachtaí a chuireann ar chumas daoine a mianta gairme a shamhlú, a phleanáil agus a bhaint amach ar feadh an tsaoil.


- Líonraí - inniúlachtaí a chuireann ar chumas daoine aonair caidrimh agus líonraí tacaíochta a fhorbairt.

Féach fosta: *Skills Development Scotland and Industry 4.0 meta-skills* -

<https://www.skillsdevelopmentscotland.co.uk/what-we-do/skills-planning/skills4-0/>

6.4 Leagann an *Fóram Eacnamaíoch Domhanda* (2020) amach 16 scil don 21^ú haois (Taispeántán 1 thíos) agus réimse straitéisí foghlama ginearálta agus spriocdhírthe a chothaíonn scileanna sóisialta agus mothúchána (Taispeántas 3 thíos).

Exhibit 1: Students require 16 skills for the 21st century



Note: ICT stands for information and communications technology.

Exhibit 3: A variety of general and targeted learning strategies foster social and emotional skills



6.5 Tionscnamh atá maoinithe ag an rialtas is ea *Working Wales*; tá sé dírithe ar dhaoine óga agus ar dhaoine fásta 'is mó atá i mbaoil'. Cur chuige uathúil is ea an cur chuige measúnaithe diagnóiseacha a dearadh agus a forbraíodh fríd an tseirbhís treoirchomhairleoireachta chun riachtanais foghlaiméoirí a aithint. Tá an obair sin fós i gcéim na forbartha; is fiú naisc a dhéanamh le *Careers Wales* atá i gceannas ar an tionscnamh ardphróifíle sin, ag tarraingt go sonrach ar cheachtanna a foghlaimíodh ón chur i bhfeidhm i bpobail tuaithe lena n-áirítear margaíocht agus cur chun cinn agus dearadh agus seachadadh seirbhíse ar líne/as líne - [https:// workingwales.gov.wales/what-we-do](https://workingwales.gov.wales/what-we-do)

6.6. *An Ollscoil Oscailte (2020) Trends in Adult Education: Innovating Pedagogy: Innovation Report No. 8: Scrúdaíonn Tuarascáil Nuálaíochta Uimh. 8 cineálacha nua teagaisc, foghlama agus measúnaithe, chun oideachasóirí agus lucht déanta beartas a threorú. Tugann sé le fios go gciallaíonn glacadh le 'cur chuige iardhaonnachach' san oideachas gur gá aghaidh a thabhairt ar roinnt smaointe corraitheacha maidir le scaradh nach bhfuil chomh sainithe céanna idir daoine agus an teicneolaíocht, agus é mar aidhm againn ár dtuiscint orainn féin agus ar ár ndomhan a shaibhriú (Ich.14). Tá an-chuid ábhair sa tuarascáil agus d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach chun críocha forbartha foirne ETB Dhún na nGall - <https://iet.open.ac.uk/file/innovating-pedagogy-2020.pdf>*

6.7 NESTA (2019) *Tarraingíonn What motivates adults to learn?* ar fhianaise ó thuarascáil le [Nesta's Digital Frontrunners](#) a shainaithníonn cad a spreagann daoine fásta atá ag obair chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna maidir le scileanna digiteacha agus scileanna comhlántacha digiteacha agus na cúrsaí sin a chríochnú. Is féidir le samhlacha athraithe iompraíochta cuidiú le lucht déanta beartas tuiscint a fháil ar an dóigh a n-idirghníomhaíonn fachtóirí seachtracha agus inmheánacha le spreagadh chun foghlama a thiomáint agus cúrsaí a dhearadh dá réir sin. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil ar an dóigh a bhféadfadh

an tsamhail COM-B (Michie et al, 2011) a bheith an-úsáideach ina leith sin -

https://media.nesta.org.uk/documents/Digital_Frontrunners_Motivation_to_Learn_report_final_published.pdf

6.8 [Global Employment Trends for Youth 2020: Technology and the future of jobs](#) (GET Youth 2020) Ó foilsíodh tuarascáil *GET Youth* roimhe sin in 2017, is léir go bhfuil treocht maidir le stádas NEET tagtha chun cinn .i. go bhfuil stádas NEET ag ardú. Chomh maith leis sin, tá líon na ndaoine óga nach bhfuil fostaithe, sa chóras oideachais ná ag déanamh cúrsa oiliúna (NEET) ag ardú faoi láthair, agus tá seans dhá oiread níos mó ann go mbeidh mná óga thíos leis i gcomparáid le fir óga, de réir [International Labour Organization \(ILO\) report](#).

6.9 Oideachas Aosach: *Too Important to be Left to Chance* (2016) Léirbhreithniú ar an Litríocht - tarraingíonn an tuarascáil sin ar 63 fhoinsé de bheartais mhaithe/shuimiúla, de chleachtais agus de chás-staidéir - https://warwick.ac.uk/fac/soc/ier/research/adult_education/ Féach fosta: Oideachas Aosach: *Important for Health and Well-being* (2018) – op.cit.

6.10 *How Estonia is delivering online guidance during the Covid-19 crisis* – blag ECFE: <http://dmhassociates.org/wp-content/uploads/2020/04/How-Estonia-is-delivering-online-guidance-during-COVID-crisis-OECD-Blog-1-1.pdf> Is féidir rochtain a fháil ar acmhainní ar líne a chosaint fosta: <http://dmhassociates.org/resources> *Freagairt Cheanada do Covid-19* - <http://dmhassociates.org/wp-content/uploads/2020/04/COVID-19-Career-Development-Sector.pdf>

6.11 Tuairiscíonn saineolaithe ar thionchar Covid-19 ar threoir ar feadh an tsaoil ar fud na hEorpa - <https://www.cedefop.europa.eu/en/news-and-press/news/experts-report-impact-coronavirus-crisis-lifelong-guidance-europe> Féach fosta: Fardal na gcóras agus na gcleachtas treorach ar feadh an tsaoil - <https://www.cedefop.europa.eu/en/publications-and-resources/country-reports/inventory-lifelong-guidance-systems-and-practices> agus <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=en&pubId=8284&furtherPubs=yes>

6.12 Dul Chun Cinn agus Gnóthachtáil a Aithint agus a Thaifeadadh (RARPA) d'fhéadfadh soláthar neamhchreidiúnaithe a bheith úsáideach fosta chun aitheantas foghlaiméoirí a thabhairt dá bhforbairt nach bhfuil san áireamh sna modúil agus le cuidiú leo a ngnóthachtáil a chur in iúl - ag agallaimh, ar iarratais agus dóibh féin agus dá gcuid féin fosta teaghlaigh srl. úsáideann eagraíochtaí áirithe an téarma foghlaim 'neamhfhoirmiúil' - <https://www.learningandwork.org.uk/wp-content/uploads/2017/04/RARPA-Guidance-2017-v1.pdf>

7. Smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí

7.1. Leanúint ar aghaidh ag cur leis na beartais agus na cleachtais mhaithe/spéisiúla a leagtar amach thuas agus laistigh den Tuarascáil Theicniúil, go háirithe guthanna/tuairimí na rannpháirtithe agus na neamh-rannpháirtithe a ghabháil chun socruithe tacaíochta foghlaiméoirí a threorú. Ba cheart go leanfadh ETB Dhún na nGall ag iniúchadh bealaí dinimiciúla chun teagmháil nó athchaidreamh a dhéanamh le daoine nach rannpháirtithe iad le cur lena muinín, leis an teacht aniar atá iontu agus lena ndúil san fhoghlaim agus lena gcuid scileanna a fhorbairt.

- 7.2. Infheistiú in oiliúint bhreise i seirbhís do chustaiméirí do gach ball foirne túslíne ar fud sheirbhísí FET an ETB chun cothromas níos mó a chinntiú i seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí ar fud an Chontae.
- 7.3. Ní mór rochtain ar Threoirchomhairleoireacht a leabú i ngach clár. Tá scóip ann fosta an cleachtas is fearr a leanúint i gcur chuige Eorpach agus Idirnáisiúnta chun scileanna bainistíochta gairme a leabú i ngach clár foghlama m.sh. Albain agus Málta. D'fhéadfadh modúil QQI maidir le taithí oibre leas a bhaint as sin fosta.
- 7.4. Smaoinigh ar chur chuige scagtha agus diagnóiseacha a neartú, mar shampla, ceachtanna a foghlaimíodh ó *Working Wales (#ChangeYourStory)*; *How Estonia is delivering online guidance during Covid-19*; *Lifelong Guidance Systems and Practices (CareersNet, Cedefop)* and the *Canadian Career Development Foundation's response to Covid-19: Impacts and Recommendations*.
- 7.5. Chabhródh Síceolaí Oideachais lánaimseartha breise i nDún na nGall, faoi réir acmhainní, le feabhas a chur ar shaincheistanna rochtana agus cothromais, chomh maith le hacmhainn na foirne a fhorbairt ar fud na gclár.
- 7.6. Smaoinigh ar cheachtanna a foghlaimíodh ón dóigh a bhfoghlaimíonn daoine fásta san obair, lena n-áirítear an tsamhail COM-B (Michie et al, 2011) a d'fhéadfadh a bheith an-úsáideach d'oiliúint agus d'fhorbairt foirne.
- 7.7. Déan iniúchadh ar dheiseanna chun tógáil ar mhóil ar líne atá ann cheana maidir le haitheantas réamhfhoghlama (RPL) m.sh. NALA agus fiosraigh deiseanna maidir le brandáil shaincheaptha ETB Dhún na nGall. Tá scóip ann fosta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar RARPA (*Dul Chun Cinn agus Gnóthachtáil a Aithint agus a Thaifeadadh*) i Sasana agus samplaí dea-chleachtais eile ón Eoraip agus níos faide i gcéin.
- 7.8. Dul i ngleic le riachtanais oiliúna agus forbartha foirne i réimsí mar oibriú go héifeachtach le daoine aonair agus/nó grúpaí a bhfuil uathachas, riachtanais oideachais speisialta agus/nó míchumais orthu, spleáchas ar dhruaí agus/nó alcól.
- 7.9. Córas intomhaiste a fhorbairt chun forbairt agus dul chun cinn foghlaimeoirí a ghabháil agus a thaifeadadh de bhreis ar leibhéal agus éachtaí cáilíochta agus baill foirne a bheith páirteach ann ón tús sa phróiseas sin. Creataí do sheirbhísí tacaíochta foghlaimeoirí a roinnt agus a chomhfhorbairt - mar shampla iad siúd in ETB Luimnigh agus an Chláir.
- 7.10. Moil forbartha rathúla ar líne d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne a fhiosrú níos mó. Thug foghlaimeoirí roinnt samplaí ach tá srianta ar acmhainn leathanbhanda sa chontae. Féach ar *An Ollscoil Oscailte: Innovating Pedagogy* (2020, p.36).

Teagmhálaí: *dmh Associates*
Ríomhphost: deirdre.hughes3@btinternet.com
Teil: 0044 (0) 7533 545057
Tabhair cuairt ar: <http://deirdrehughes.org/>
Lean ar twitter: @deirdretalk

Tagairtí

- ¹ *Indecon (2019) Review of Career Guidance*, 2 Aibreán 2019 - [https://www.education.ie/en/Publications/E EDUCATION-Reports/indecon-review-of-career-guidance.pdf](https://www.education.ie/en/Publications/E%20EDUCATION-Reports/indecon-review-of-career-guidance.pdf)
- ² <https://qaguidelines.qqi.ie/>
- ³ 2014 -2019 - <https://www.education.ie/en/publications/policy-reports/further-education-and-training-strategy-2014-2019.pdf>; 2018 - <https://www.solas.ie/f/70398/x/71b0ff2871/final-version.pdf> ; Féach fosta thíos an chuid ar mhúnlaí agus ar phrionsabail úra
- ⁴ <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/act/25/enacted/en/html>
- ⁵ <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/act/11/enacted/en/html>
- ⁶ SOLAS - <https://www.education.ie/en/The-Department/Agencies/An-tSeirbhís-Oideachais-Leanúnaigh-agus-Scileanna-SOLAS-.html>
- ⁷ <https://www.gov.ie/en/campaigns/fb84c0-intreo/>
- ⁸ Straitéis FET 2014-2019 <https://www.education.ie/en/publications/policy-reports/further-education-and-training-strategy-2014-2019.pdf>
- ⁹ SOLACE - <https://www.ncge.ie/sites/default/files/NFG%20MAY19%20-%20SOLAS%20-%20Andrew%20Brownlee.pdf>
- ¹⁰ AEGS - beartas - FET <https://www.ncge.ie/policy/FET>
- ¹¹ *Indecon (2019). Athbhreithniú ar ghairmthreoir - tuarascáil dheiridh, Baile Átha Cliath.* - <https://classroomguidance.ie/wp-content/uploads/2019/04/indecon-review-of-career-guide.pdf>
- ¹² Dearthú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (2016) Croí-threoirlínte Reachtúla um Dhearbhu Cáilíochta arna bhforbairt ag QQI le húsáid ag na Soláthraithe go léir.
- ¹³ An tSeirbhís Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh - <https://www.nala.ie/about-us/>
- ¹⁴ Cuireann NLN réimse clár saintacaíochta solúbtha ar fáil dóibh siúd a bhfuil saintacaíocht de dhíth orthu.
- ¹⁵ Is é AONTAS an Institiúid Náisiúnta Foghlama um fhoghlaím aosach. Abhcóideacht agus cur chun cinn an ról atá aige. Tá sé maoinithe ag an ROS agus ag SOLAS agus tá 400 ball ann lena n-áirítear gach ETB. Éascaíonn sé suirbhéanna agus fóraim fosta chun tuairimí foghlaiméoirí a bhailiú. Cuireann sé taighde cáilíochtúil ar fáil chun tionchar a imirt ar bheartas - go háirithe trí aiseolas foghlaiméoirí.
- ¹⁶ Russell, L. (2017). *Pedagogical leadership of VET within a confused FET context. The Irish Journal of Adult and Community Education*, lgh. 43-57. https://www.aontas.com/assets/resources/AdultLearnerJournal/14218_Aontas_Adult_Learner_2017_Final.pdf
- ¹⁷ Is é NCGE gníomhaireacht na ROS chun beartas a fhorbairt maidir le treoir ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear in FET. I measc na seirbhísí treorach atá ar fáil do dhaoine fásta tá: PLC, Cumasóige, seirbhísí príosúin agus gach seachadadh i gcomhthéacs FE.
- ¹⁸ An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (2017). *Adult Educational Guidance Services Quantitative and Qualitative Report 2016.* https://www.ncge.ie/sites/default/files/AEGI_AGMS_Final_report_2016.pdf
- ¹⁹ An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (2018). *Quantitative and qualitative report of the Adult Educational Guidance Services 2017.* https://www.ncge.ie/sites/default/files/NCGE_AGMS%20FINAL%202017%20Report_0.pdf
- ²⁰ Op. cit. NCGE (2012) Treoirlínte- https://www.ncge.ie/sites/default/files/AEGI_Operational_Guidelines_2012_FINAL.pdf
- ²¹ Croí-threoirlínte Dearbhaithe Cáilíochta QQI - <https://www.qqi.ie/Downloads/Core%20Statutory%20Quality%20Assurance%20Guidelines.pdf>
- ²² <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2012/act/28/enacted/en/html>
- ²³ Wikipedia 3^ú Márta 2020 - https://en.wikipedia.org/wiki/County_Donegal
- ²⁴ <http://trutzaase.eu/deprivation-index/the-2016-pobal-hp-deprivation-index-for-small-areas/>
- ²⁵ Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí 2018 -2020: Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall - <https://www.donegaletb.ie/wp-content/uploads/2019/05/Donegal-ETB-Strategic-Performance-Agreement-2018-2020.pdf>
- ²⁶ 1^ú Deireadh Fómhair 2019 - <https://www.youtube.com/watch?v=JqcGWJf8tEM>
- ²⁷ Dún na nGall ETB (2017) Ráiteas Straitéise *Lean ar Aghaidh* 2017-2020 - <https://www.donegaletb.ie/2017/12/09/donegal-etb-launches-strategy-statement-2017-2021/>
- ²⁸ <https://www.lyit.ie/About/Careers-at-LYIT>
- ²⁹ <http://www.donegalcoco.ie/business/north%20west%20strategic%20growth/>
- ³⁰ Op. cit.
- ³¹ PEIL 2014 -2020 - <https://www.esf.ie/en/programmes/esf-programme-for-employability-inclusion-and-learning-peil-2014-2020/>
- ³² Clár oifigiúil oideachais, oiliúna agus taithí oibre na Roinne Oideachais agus Scileanna do luathfhágálaithe scoile 15 - 20 bliana d'aois.
- ³³ Úsáidtear WRAT 5 sa chlár BTEI agus i gclár eile lasmuigh de Chumasóige chun an gá le socrú réasúnta maidir le measúnú a mheas, de réir mar a aontófar leis an Chomhordaitheoir Cáilíochta. Ní bheidh na riachtanais tacaíochta uilig atá ag foghlaiméoirí soiléir trí uirlis WRAT 5 úsáid.
- ³⁴ Cúrsaí Oiliúna - <http://www.traineeship.ie/>
- ³⁵ Is tionscnamh faoi stiúir an tionscail é FIT a oibríonn le ranna rialtais agus le SOLAS, ETBanna, Institiúidí Tríú Leibhéal, Léargas, srl. Forbraíonn siad agus cuireann siad chun cinn clár atá teicneolaíocht bhunaithe agus deiseanna forbartha gairme do lucht cuardaigh fostaíochta.
- ³⁶ *Careers Portal* 2020
- ³⁷ McGuinness, S., Bergin, A., Kelly, E., McCoy, S., Smyth, E., Watson, D., & Whelan, A. (2018). *Evaluation of PLC programme provision* - <https://www.education.ie/en/Press-Events/Press-Releases/2018-press-releases/PR18-01-09.html>
- ³⁸ Pointe teagmhála aonair is ea *Intreo* maidir le gach liúntas tacaíochta fostaíochta agus ioncain. Dearthar chun cur chuige níos sruthlíne a sholáthar, cuireann *Intreo* seirbhísí agus tacaíochtaí praiticiúla oiriúnaithe fostaíochta ar fáil do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí araon. <https://www.gov.ie/en/campaign/fb84c0-intreo/>
- ³⁹ *Recognition of Prior Learning in Irish Further Education and Training (FET)*. D'ullmhaigh Deirdre Goggin, Phil O'Leary agus an tOllamh Irene Sheridan ó Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí an tuarascáil sin- <https://www.qqi.ie/Downloads/Prior%20Learning%20Report.pdf>

